# Comhairle Contae Átha Cliath Theas
# Tuarascáil Bhliantúil 2014

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
**South Dublin County Council**

## South Dublin County Council
## Annual Report 2014



Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

## Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá an Mhéara | 2 |
| Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach | 4 |
| Comhaltas Chomhairle Contae Átha Cliath Theas | 6 |
| Cruinnithe na Comhairle 2014 | 12 |
| Gradaim Chorparáideacha 2014 | 14 |
| Feidhmíocht Chorparáideach agus Bainistíocht Athruithe | 16 |
| Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) | 20 |
| Seirbhísí Tithíochta, Sóisialta agus Pobail | 22 |
| An Rannóg Seirbhísí Ailtireachta (RSA) | 30 |
| Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide | 35 |
| Forbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireachta | 43 |
| Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar | 52 |
| Airgeadas | 60 |
| Aguisín a hAon - Comhaltas na Comhairle ar Choistí agus ar Chomhlachtaí Eile | 65 |
| Aguisín a Dó - Comhdhálacha ar ar fhreastail Comhairleoirí in 2014 | 68 |
| Aguisín a Trí- An caiteachas i dToghchán Áitiúil 2014 | 69 |
| Aguisín a Ceathair - Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh 2014 | 70 |
| Aguisín a Cúig - An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 | 72 |

# Réamhrá an Mhéara



B'onóir domsa fónamh mar Mhéara ar Chontae Átha Cliath Theas.

Tharla athruithe suntasacha polaitiúla de bharr thoghcháin Áitiúla agus Eorpacha na bliana 2014. Lean freagracht ollmhór an láidreacht pholaitiúil nua.

Nuair a chuaigh mé i mbun oifige i mí an Mheithimh anuraidh, bhí sé de rún agam gur Mhéara mé a thabharfadh faoi fheachtasaíocht, don athrú, don chuimsiú agus don chomhionannas. Chuir mé romham oibriú le gníomhaireachtaí, le páirtithe leasmhara agus le heagraíochtaí agus díriú ar líon áirithe réimsí gníomhaíochta ar mhaithe le ceangal a bhunú leis na daoine sin inár sochaí a bhraitheann uaireanta nach ann ná as dóibh.

Rinne mé iarracht aird a tharraingt ar an ngéarchéim leanúnach a bhaineann le tithíocht agus leis na daoine gan dídean sa Chontae, leis an ngá atá leis an luath-idirghabháil agus le teaghlaigh a choinneáil ina dtithe nuair a bhíonn tithe acu. Chinntigh an tAontas Forásach i gComhairle Contae Átha Cliath Theas freisin go gcuirfí an ciorrú ba mhó a bhí ceadaithe, 15%, i bhfeidhm ar an gCáin Mhaoine Áitiúil éagórach.

Agus mé ag freastal ar an gcéad chuid de na himeachtaí tar éis dom dul i mbun oifige bhí deis agam labhairt ag Paráid Bhród Bhaile Átha Cliath. Ardaíodh bratacha ildaite ag Halla an Chontae agus bhí an chéad sraith d'imeachtaí an LGBTQI+ ar siúl i Seachtain um Chuimsiú Sóisialta Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Bhí an bhainistíocht i gComhairle Contae Átha Cliath Theas sásta freisin go mbeadh an eagraíocht ina páirt den chlár Seaimpíni Éagsúlachta, clár arna cheapadh ag Comhdháil na gCeardchumann agus ag an Líonra Comhionannais do Dhaoine Aeracha agus Leispiacha. Is é an clár Seaimpíní Éagsúlachta an chéad chlár agus an t-aon chlár neamhbhrabúis san áit oibre in Éirinn a ceapadh chun cabhrú le fostóirí Éireannacha le go rachadh sé chun tairbhe dóibh fostaithe leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha a bheith acu agus tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas le comhaireamh anois i dteannta PayPal, Bus Átha Cliath, Banc na hÉireann agus Microsoft agus é ar an gcéad údarás áitiúil ar an oileán seo leis an gclár Seaimpín Éagsúlachta a bheith aige.

Ritheadh rúin de chuid na Comhairle iomláine, faoi ghnó an Mhéara, ag tacú le comhionannas pósta, ag éileamh go gcuirfí deireadh le hidirdhealú i gcás fostaithe LGBTQI+ agus ag tacú le daoine trasinscneacha ina bhfeachtas an Bille um Inscne a Aithint a leasú. Beidh mé ar thús cadhnaíochta freisin ar fheachtas dar teideal Méaraí ar son Comhionannas Pósta ina dtabharfar Méaraí ó na páirtithe uile nó Méaraí nach bhfuil in aon pháirtí le chéile chun tacú le comhionannas pósta shibhialta.

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
**South Dublin County Council**

D'fhéach mé le cabhair a dhéanfadh difríocht bheag dóibh a thabhairt do thrí cinn d'eagraíochtaí agus chuige sin ba mé a bhí mórálach ag aithris ar obair an iarMhéara, Dermot Looney, a bhunaigh ciste an Mhéara. Bronnadh €1,000 ar BeLonG To, Saoirse (Tearmann do Mhná) agus ar Citywise. B'ionann sin agus 10% de chiorrú i dtuarastal an Mhéara agus ba léiriú é ar na príomhréimsí tosaíochta a leag mé amach agus mé ag dul i mbun oifige.

Tá na rátaí óg-dhífhostaíochta in Áth Cliath Theas ar chuid de na cinn is airde sa tír. Níl aon obair ag beagnach 30% de na daoine atá faoi bhun 25.  Is iomaí duine eile díobh nach bhfuil gafa le hoideachas ná le hoiliúint. Imíonn na céadta ógánach ar imirce gach aon lá. Ní foláir dúinn dóchas a thabhairt dár ndaoine óga - ní mór dúinn deis a thabhairt dóibh i ndáiríre le maireachtáil agus cur fúthu anseo.

Tá sé ar intinn agam, le cúnamh ó bhaill foirne de chuid na Comhairle, Comhdháil an Mhéara don Óige a bheith i RUA RED go luath sa bhliain 2015 agus cuireadh a thabhairt do sheachtó ógánach as gach cearn den Chontae chun saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar a saol a phlé. Más le daoine óga a bheith rannpháirteach i ndéanamh beartas ba cheart go gcuirfí na huirlisí ar fáil dóibh chun déanamh amhlaidh agus bhí sé d'aidhm le Comhdháil an Mhéara don Óige an fóram sin a sholáthar. Tá sé beartaithe agam freisin tús a chur le tionscnamh socrúcháin nua 'Coinnigh le Scáth an Mhéara' do na daltaí idirbhliana sa chontae.  Faoin tionscnamh gheobhaidh seisear ógánach taithí oibre seachtaine an duine ag coinneáil le scáth Mhéara Átha Cliath Theas, ag freastal ar imeachtaí, ag scríobh nótaí cainte agus preaseisiúintí agus ag freastal ar chruinnithe.

Mar fhocal scoir, ós gur mé an té ab óige a bhí ina Mhéara ar Chontae Átha Cliath Theas go dáta, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh lenár bPríomhfheidhmeannach, Daniel McLoughlin agus le gach ball den Fhoireann Bainistíochta, le foireann na Comhairle agus leis na Comhaltaí Tofa a chuidigh agus a thacaigh liom agus a threoraigh mé i gcaitheamh na bliana seo caite.

Tacaíocht í sin a theastaigh go géar uaim agus a bhfuilim buíoch aisti.



Fintan Warfield
**An Méara**

# Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach




Tréimhse stairiúil a bhaineann leis an athrú sa rialtas áitiúil an cúlra atá leis an Tuarascáil Bhliantúil do 2014. Is san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 a thugtar údarás don athrú sin. Bliain ba ea í freisin a raibh toghcháin áitiúla ann agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas ó chroí a ghlacadh leis an gComhairle atá ag dul as oifig as a ról i bhforbairt leanúnach an Chontae. Gné lárnach sa Chlár Athchóirithe ba ea an beartas a bhain le hionadaíocht dhaonlathach sa bhreis sna mórlimistéir uirbeacha. I gcás Átha Cliath Theas d'ardaigh an comhaltas ó shé chomhalta is fiche go dhá scór comhaltaí mar thoradh ar thoghcháin áitiúla mhí an Mheithimh.

Cuireann an tAcht um Athchóiriú Rialtais go mór le scóip an Rialtais Áitiúil san fhorbairt eacnamaíoch áitiúil agus tugadh faoi thionscnaimh go leor sa chomhthéacs seo anuraidh mar aitheantas air seo. Bunaíodh Stiúrthóireacht Eacnamaíochta nua agus Coiste um Beartas Straitéiseach gaolmhar chun tacú leis an gcuspóir seo. Bunaíodh an Oifig Fiontair Áitiúil agus bhí an ról a ghlac sí níos fairsinge ná an ról a bhíodh ag an mbord fiontar contae roimpi agus gníomhaíonn sí anois mar oifig ilfhreastail do na gnóthais go léir. D'fhonn cloí le Clár an Rialtais don tír chuir an Chomhairle Straitéis Post áitiúil le chéile agus sheol sí é; tá sé dírithe i bpáirt ar thionsclaíocht dhúchasach, infheistíocht dhíreach eachtrach, turasóireacht, an earnáil mhiondíola, an earnáil tógála agus ar thacaíocht do Ghnóthais ar Scála Beag. Thugamar faoi chleachtadh cuimsitheach ar phróifíliú eacnamaíoch an Chontae i gcomhar leis an gComhlachas Tráchtála áitiúil le bheith ina chuidiú agus ina fhoinse eolais ag an ról fairsingithe seo. Aithníodh an deis eacnamaíoch atá le tapú as fairsingiú na Turasóireachta nuair a rinneadh Straitéis Turasóireachta Contae atá le foilsiú go luath in 2015, a choimisiúnú.

Aithníonn an Chomhairle tábhacht an ghnó don gheilleagar áitiúil agus an gá atá le tacaíocht leanúnach a thabhairt dó trí phróiseas an bhuiséid. In 2014, seoladh ciste tacaíochta dar luach €1.2 milliún d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, bunaíodh scéim deontas chun aghaidheanna nua a chur ar shiopaí agus mar bharr air sin cheadaigh an Chomhairle clár feabhsaithe sráidbhailte do naoi sráidbhaile ar luach €7 milliún. Áireofar tionscadail mór le rá amhail an fhorbairt ar Ionad Cuairteoirí agus Gairdín Chloigtheach Chluain Dolcáin leis seo. Cuireadh tús le clár an Saor Wi-Fi do shráidbhailte agus leagadh amach córas páirceála níos fónta.

Maidir le forbairt pobail, bunaíodh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil agus údarás maoirseachta aige i dtaca le gach caiteachas pobail. Bunaíodh Líonra Comhpháirtíochta Pobail (LCP) ar mhaithe le rannpháirtíocht sa bhreis ó na saoránaigh. Maidir le maireachtáil go folláin de, chuir an Chomhairle tús le Seachtain na Sláinte agus na Folláine den chéad uair, comhaontaíodh clár chun daichead spás súgartha nua don phobal a sholáthar, osclaíodh Pailliún nua spórt i bPáirc Thigh Motháin agus comhaontaíodh na pleananna i dtaca le leabharlann nua i gCluain Dolcáin Thuaidh.

Tá a clár oibre dá téarma cúig bliana leagtha amach ag an gComhairle nua agus foilsithe mar a Plean Corparáideach nua. Ba mhaith liom ardmholadh a thabhairt do chomhaltaí agus d'fhoireann na Comhairle araon as a ndearna siad chun na torthaí a dtugtar breac-chuntas orthu sa tuarascáil seo a bhaint amach.



Daniel McLoughlin
**An Príomhfheidhmeannach**

# Comhaltas Chomhairle Contae Átha Cliath Theas

I ndiaidh na dToghchán Áitiúil i mí na Bealtaine 2014, d'ardaigh líon na gcomhaltaí tofa i gComhairle Contae Átha Cliath Theas ó 26 chomhalta go 40 comhalta. Tugtar a sonraí anseo thíos:

## Cluain Dolcáin



**An Comhairleoir Gino Kenny**
**People Before Profit Alliance**
62 Cherrywood Avenue
Clondalkin
Dublin 22
085 721 1574 or 414 9247
gkenny@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Eoin O' Broin**
**Sinn Fein**
C/o South Dublin County Council
Clondalkin Civic Offices
Clondalkin, Dublin 22
087 279 4843 or 414 9069
eobroin@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Breda Bonner**
**Lucht Oibre**
C/o South Dublin County Council
Clondalkin Civic Offices
Clondalkin, Dublin 22
087 413 2627 or 401 9248
bbonner@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Francis Timmons**
**Neamhspleách**
16 Cherrywood Villas
Clondalkin, Dublin 22
087 286 9315 or 414 9143
ftimmons@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Emer Higgins**
**Fine Gael**
C/o South Dublin County Council
Clondalkin Civic Offices
Clondalkin, Dublin 24
087 321 7741 or 414 9015
ehiggins@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Trevor Gilligan**
**Fianna Fail**
C/o South Dublin County Council
Clondalkin Civic Offices
Clondalkin, Dublin 22
085 714 5005
www.trevorgilligan.com
tgilligan@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Jonathan Graham**
**Sinn Féin**
C/o South Dublin County Council
Clondalkin Civic Offices
Clondalkin, Dublin 22
087 821 4840 or 414 9141
jgraham@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Kenneth Egan**
**Fine Gael**
C/o South Dublin County Council
Clondalkin Civic Offices
Clondalkin, Dublin 22
087 413 1306 or 414 9140
kegan@cllrs.sdublincoco.ie

## Leamhcán



**An Comhairleoir Vicki Casserly**
**Fine Gael**
C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght, Dublin 24
085 831 7982 or 414 9144
vcasserly@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Paul Gogarty,**
**Neamhspleách**
C/o South Dublin County Council
Clondalkin Civic Offices
Clondalkin, Dublin 22
087 275 2489 or 414 9142
pgogarty@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Ruth Nolan**
**People Before Profit Alliance**
C/o South Dublin County Council
Clondalkin Civic Offices
Clondalkin, Dublin 22
087 854 0030 or 414 9145
rnolan@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Guss O'Connell**
**Neamhspleách**
47 Palmerstown Green
Palmerstown, Dublin 20
087 683 8254 or 626 8554
goconnell@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir William Lavelle**
**Fine Gael**
36 St. Andrew's Drive
Lucan, Co. Dublin
087 410 7885 or 414 9050
wlavelle@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Danny O'Brien**
**Sinn Féin**
C/o South Dublin County Council
Clondalkin Civic Offices
Clondalkin, Dublin 22
086 857 0828 or 414 9146
dobrien@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Ed O'Brien**
**Fianna Fáil**
C/o South Dublin County Council
Clondalkin Civic Offices
Clondalkin
Dublin 22
087 779 7609 or 610 5811
eobrien@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Liona O'Toole**
**Neamhspleách**
C/o South Dublin County Council
Clondalkin Civic Offices
Clondalkin
Dublin 22
087 279 5274 or 414 9350
lotoole@cllrs.sdublincoco.ie

Comhairle Contae Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

## Tamhlacht Láir



**An Comhairleoir Brendan Ferron**
**Sinn Féin**
C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24
087 195 6087 or 4149 065
bferron@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Kieran Mahon**
**Anti-Austerity Alliance**
C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24
085 722 1120 or 414 9325
kmahon@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Mick Murphy**
**Anti-Austerity Alliance**
C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24
086 968 3814 or 414 9327
mmuprhy@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Mick Duff**
**Lucht Oibre**
C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24
087 886 5570 or 414 9031
mduff@sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Charlie O'Connor**
**Fianna Fáil**
C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24
087 298 2079 or 414 9355
coconnor@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Maire Devine**
**Sinn Fein**
C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24
087 969 4728 or 01 414 9066
mdevine@sdublincoco.ie

## Tamhlacht Theas



**An Comhairleoir Nicky Coules**
**People Before Profit**
C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24
086 853 2326 or 414 9356
ncoules@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Cathal King**
**Sinn Fein**
C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24
086 318 6098 or 414 9063
cathalking@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Louise Dunne**
**Sinn Féin**
C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24
085 785 9177 or 414 9353
ldunne@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Martina Genockey**
**Lucht Oibre**
C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24
086 373 5657 or 414 9380
mgenockey@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Brian Leech**
**Anti-Austerity Alliance**
C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24
085 195 0179 or 414 9329
bleech@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Dermot Richardson**
**Neamhspleách**
C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24
087 203 6468 or 414 9382
drichardson@cllrs.sdublincoco.ie

## Ráth Fearnáin



**An Comhairleoir Anne-Marie Dermody,**

**Fine Gael**

11 Butterfield Avenue
Rathfarnham
Dublin 14

087 367 2030

amdermody@sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Paula Donovan**

**Fine Gael**

C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24

087 220 0741 or 414 9352

podonovan@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir John Lahart**

**Fianna Fail**

6 Orlagh Grange
Scholarstown Road
Rathfarnham
Dublin 16

087 261 5529 or 493 9608

jlahart@sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Francis Duffy**

**Comhaontas Glas**

C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24

086 066 4762 or 414 9323

fduffy@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Sarah Holland**

**Sinn Féin**

C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24

086 198 7298 or 414 9308

sholland@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Deirdre O'Donovan**

**Neamhspleách**

C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24

086 392 4209 or 414 9102

dodonovan@cllrs.sdublincoco.ie

## Teach Mealóg-Tír an Iúir



**An Comhairleoir Colm Brophy**
**Fine Gael**
C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24
086 250 9223 or 414 9015
cbrophy@sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Dermot Looney**
**Neamhspleách**
1 Temple Manor Close
Greenhills
Dublin 12
085 708 9955 or 414 9073
dlooney@sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Pamela Kearns**
**Lucht Oibre**
203 Orwell Park Heights
Templeogue
Dublin 6.W.
087 775 6718 or 414 9077
pkearns@sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Paul Foley**
**Fianna Fáil**
C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24
087 669 4177 or 414 9331
pfoley@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Ronan McMahon**
**Neamhspleách**
C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24
086 814 1498 or 414 9354
rmcmahon@cllrs.sdublincoco.ie



**An Comhairleoir Fintan Warfield**
**Sinn Féin**
C/o South Dublin County Council
County Hall
Tallaght
Dublin 24
414 9031
fwarfield@cllrs.sdublincoco.ie

# Cruinnithe na Comhairle 2014

Tionóladh 18 gcruinniú iomlána de chuid na Comhairle lenar bhain:

- 12 Chruinniú Comhairle iomlána lena n-áirítear aon Chruinniú Buiséid amháin
- 6 chruinniú Coiste a bhain le hEagrúchán, Nós Imeachta agus Airgeadas lena n-áirítear aon Chruinniú Buiséid amháin

Ina theannta sin tionóladh 3 chruinniú speisialta den Chomhairle chun an méid seo a phlé: Plean Limistéir Bhaile Cuilinn/na Seanchúirte, Fóram i ndáil le Méara do Bhaile Átha Cliath agus Láithreacha le haghaidh Scoileanna ar Bhóthar Chill na nIníon, Teach na Giúise.

Bhí 11 chruinniú ag an nGrúpa um Beartas Corparáideach.

Bhí 8 gcruinniú an ceann ag na 4 Choiste Limistéir - Cluain Dolcáin, Leamhcán, Ráth Fearnáin/Teach Mealóg-Tír an Iúir agus Tamhlacht - in 2014.

## Na Coistí um Beartas Straitéiseach (CBSanna)

Tá sé cinn de CBSanna ann anois de bharr na dToghchán Áitiúil a bhí ann i mí na Bealtaine 2014. Ghlac gach ceann de na coistí nua a gcláir oibre do 2015 ag a gcruinniú tionscnaimh. Tugtar ainmneacha na gCathaoirleach anseo thíos:

### An CBS do na hEalaíona, Cultúr, Gaeilge, Oidhreacht agus Leabharlanna



**An Comhairleoir Dermot Richardson**
**Cathaoirleach**

Áiríodh an méid seo le clár oibre an CBS do na hEalaíona, Cultúr, Gaeilge, Oidhreacht agus Leabharlanna:

- Tuairisciú chun dáta ar Chion Oibre na Leabharlann do Dheich mBliana na gCuimhneachán
- Seachtain na Gaeilge 2015
- Athbhreithniú ar Fhéile na Líne Deirge
- Tuairisciú chun dáta ar chláir na Leabharlann agus na nEalaíon do choiste an CBS nua

### An CBS d'Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireachta



**An Comhairleoir John Lahart**
**Cathaoirleach**

Áiríodh an méid seo le clár oibre an CBS don Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireachta:

- Eolas an Bhealaigh agus comharthaíocht
- Clár na Sráidbhailte
- Caiteachas as an Scéim Deontais Tacaíochta Gnó
- Grúpa oibre bunaithe chun tosú ar straitéis turasóireachta a dhréachtú
- Cur chun cinn an Chontae

## An CBS don Chomhshaol, Fearann Poiblí agus Athrú Aeráide



**An Comhairleoir Pamela Kearns**
**Cathaoirleach**

Áiríodh an méid seo le clár oibre an CBS don Chomhshaol, Fearann Poiblí agus Athrú Aeráide:

- Plean Oibre an CBS
- Na Fodhlíthe um Rialú Capall
- Athrú Aeráide / Straitéis Oiriúnaithe
- Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach

## An CBS don Tithíocht



**An Comhairleoir Cathal King**
**Cathaoirleach**

Pléadh agus breithníodh líon áirithe tuarascálacha agus ceisteanna in 2014 lena náirítear:

- An Scéim um Leithdháileadh Tithíochta 2014
- Cur i láthair ón nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta maidir le hiasachtaí chun tithíocht a sholáthar
- Moltaí chun fochoistí tithíochta a bhunú le haghaidh cúrsaí tithíochta/easpa dídine agus iompar frithshóisialta
- Leagadh amach clár oibre don CBS ina n-áirítear soláthar tithíochta, cláir fuinnimh, easpa dídine, scéim chíosa nua agus iompar frithshóisialta
- Tuairisciú chun dáta ar an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil
- Cuireadh tuarascáil faoi bhráid Fhóram Míchumais CCÁCT
- Tuairiscíodh ar shaincheist na dteaghaisí príobháideacha athshealbhaithe ar eastáit de chuid na Comhairle

## An CBS do Ghnóthaí Sóisialta agus Pobail



**An Comhairleoir Dermot Looney**
**Cathaoirleach**

Áiríodh an méid seo le clár oibre an CBS don Spórt, Áineas agus Gnóthaí Pobail (lena n-áirítear Páirceanna):

- Díriú ar an gcumas trí Spórt agus Áineas
- Athbhreithniú ollmhór i gcomhar le Cumann Peile na hÉireann

## An CBS don Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar



**An Comhairleoir William Lavelle**
**Cathaoirleach**

Phléigh agus bhreithnigh an CBS don Iompar na hábhair seo a leanas in 2014:

- Lána Gasta Bus do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Athbhreithniú ar an bPáirceáil Íoc agus Taispeáin
- Tús curtha le 30 nóiméad saorpháirceála
- Tuairisciú chun dáta ar stadanna tacsaithe
- An Líonra Bóithre Straitéiseacha agus an Plean Forbartha Contae
- Fóram ar Rothaíocht
- Clár Comhéadain le Soláthraithe agus Rialtóirí Seirbhísí Iompair

Tá sonraí bhallraíocht iomlán na CBSanna in Aguisín 2

# Gradaim Chorparáideacha 2014

Bronnadh gradaim feabhais ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas sna réimsí seo a leanas:

**Gradaim Institiúid Pleanála na hÉireann** ***Gradam Náisiúnta na Pleanála 2014***






# Feidhmíocht Chorparáideach agus Bainistíocht Athruithe




# Feidhmíocht Chorparáideach agus Bainistíocht Athruithe

## Toghcháin Áitiúla 2014

I *dTuarascáil 2013 ón gCoiste ar Theorainneacha na dToghlimistéar Áitiúil* moladh go ndéanfaí líon áirithe athruithe ar Thoghlimistéir Áitiúla Chomhairle Contae Átha Cliath Theas a mbeadh feidhm leo do Thoghcháin Áitiúla 2014. Shínigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an tOrdú um Thoghlimistéir Áitiúla a thug éifeacht do na hathruithe seo ar an 31ú Eanáir 2014.

Is iad seo a leanas na Toghlimistéir Áitiúla:

- Cluain Dolcáin (8 suíochán)
- Leamhcán (8 suíochán)
- Ráth Fearnáin (6 shuíochán)
- Tamhlacht Láir (6 shuíochán)
- Tamhlacht Theas (6 shuíochán)
- Teach Mealóg-Tír an Iúir (6 shuíochán)

D’fhógair an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar an 20ú Márta go mbeadh Toghcháin Áitiúla 2014 ar siúl Dé hAoine, an 23ú Bealtaine 2014 laistigh de na huaireanta vótála idir 7.00 a.m. agus 10.00 p.m.

Bhí 71 iarrthóir san iomaíocht le haghaidh an 40 suíochán sna 6 Thoghlimistéar.

Comhaireadh na vótaí in Ionad Comhdhála Iarthar na Cathrach, Teach Sagard. Cuireadh suas na torthaí ar shuíomh gréasáin agus ar leathanaigh mheáin shóisialta na Comhairle.

Tá sonraí na gComhaltaí a toghadh sna Toghlimistéir ar *http://www.southdublin.ie/LocalElections/*

Ceanglaíonn Alt 19 den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999 ar údaráis áitiúla sonraí comhiomlána an chaiteachais toghcháin a bhain le hiarrthóirí ar éirigh leo agus le hiarrthóirí nár éirigh leo agus síntiúis a fuarthas i ndáil le gníomhairí náisiúnta, daoine ainmnithe, tríú páirtithe agus iarrthóirí a thabhairt ina dtuarascálacha bliantúla. Tá na sonraí in Aguisín 3.


## Clár na dToghthóirí

Bhí 184,080 duine ar Chlár na dToghthóirí 2014/15 a foilsíodh an 1ú Feabhra 2014. Is ar an duine féin atá an fhreagracht an clár a scrúdú chun cinntiú go bhfuil a ainm nó a hainm air. Féadfar breathnú ar an gClár in oifigí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, go háitiúil in Oifig an Phoist, sa Leabharlann agus i Stáisiún na nGardaí nó ar líne ar *www.checktheregister.ie* áit a bhféadfar na sonraí cáilitheachta a fháil.

## Deontais Ardoideachais

Is iad na hiarratais ar dheontais athnuachana amháin an chuid sin de na hiarratais faoin Scéim Deontais Ardoideachais a riarann Comhairle Contae Átha Cliath Theas thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. Bíonn gach iarratas nua ar dheontas á riar ar líne ag Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn - SUSI agus aicise amháin. Sa bhliain acadúil 2014/15, rinneamar thart ar 155 iarratas a phróiseáil agus d'íocamar amach €198,067.80 i gcostais chothabhála agus i dtáillí don bhliain airgeadais.

## Cumarsáid agus Caidreamh leis na Meáin




Eisíodh 139 n-eisiúint idir phreaseisiúintí agus thuairiscí nuachta chun dáta chuig na meáin i ndáil leis an réimse cuimsitheach tionscadal agus gníomhaíochtaí a bhíonn idir lámha ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas ó lá go lá. Ina theannta sin, in 2014 próiseáladh 671 fiosrú ó na meáin agus chomhordaigh Oifig an Mhéara breis is 270 imeacht. Seoladh Plean Cumarsáide Inmheánaí agus Beartas maidir leis na Meáin Shóisialta don Fhoireann in 2014.

## Seirbhísí Cúram Custaiméirí

Is é a gheallaimid dár Saoránaigh agus dár gCustaiméirí seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar go gairmiúil agus go híogair sa réimse iomlán seirbhísí atá againn. Tugtar breac-chuntas mion i bPlean Gníomhaíochta na Seirbhísí do Chustaiméirí agus i gCairt na Saoránach atá ar ár suíomh gréasáin ar ***www.sdcc.ie*** ar ár ngealltanas duitse, ár gcustaiméir agus ar an tseirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a bheith lárnach i ngach a ndéanaimid.

- An líon iomlán fiosruithe a chuir an fhoireann Cúram Custaiméirí isteach sa Chóras Teagmhála do Chustaiméirí in 2014 - 83, 561
- An líon iomlán glaonna teileafóin a thóg Cúram Custaiméirí in 2014 - 159, 353
- An líon iomlán custaiméirí a bhuail isteach go dtí an Cuntar Cúram Custaiméirí in 2014 - 45, 493
- Fiosruithe a bhain le Deisigh do Shráid in 2014 - 3430

## Soláthar

Chuir an t-aonad soláthair oiliúint chuimsitheach ar an bpríomhphearsanra soláthair agus lean sé air ag tabhairt tacaíochta agus comhairle ar fud na heagraíochta in 2014. Cuireadh éifeachtúlacht i gcrích, sábháladh airgead agus fuarthas luach an airgid ar fud sheirbhísí na Comhairle mar thoradh air seo, agus freisin mar gheall ar an mbéim sa bhreis a bhí ar an rannpháirtíocht i dtionscnaimh náisiúnta agus réigiúnacha.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Threisigh na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Coiste Iniúchóireachta) nua a tugadh isteach in 2014 ról an Choiste Iniúchóireachta agus leag siad freagrachtaí sonracha ar an gcoiste maidir le Tuarascáil an Iniúchóra agus an Ráiteas Airgeadais Iniúchta a mheasúnú agus a chinntí a thuairisciú don Chomhairle. Tá ról ríthábhachtach ag an gCoiste i gcreat rialachais na Comhairle. Ról neamhspleách atá aige ó thaobh comhairle a thabhairt don Chomhairle faoi phróisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus gnóthaí iniúchóireachta mar chuid dá athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais an údaráis áitiúil. Cuireadh cairt agus clár oibre an Choiste do 2014 / 2015 faoi bhráid na Comhairle agus cheadaigh an Chomhairle iad.

## An Oifig Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas, Rochtana agus Comhionannais




Sa bhliain 2014, lean an Oifig Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas, Rochtana agus Comhionannais de chur i ngníomh an Achta um Míchumas, 2005 agus na reachtaíochta i ndáil le Comhionannas. Lean CCÁCT uirthi ag feabhsú agus ag réiteach rochtana do dhaoine míchumasaithe i gContae Átha Cliath Theas trí dhíriú go príomha ar ghníomhartha neamhchaipitiúla. Bhí ocht gcruinniú ag Painéal Comhairleach agus Comhairliúcháin Chontae Átha Cliath Theas ar Mhíchumas agus réitigh sé aon seimineár amháin Contae ar a bhfuil ar fáil ó thaobh Eolais agus Cumarsáide de. Dhéileáil Seirbhís an Oifigigh Rochtana le cúig chás déag.

## Acmhainní Daonna

Ba 1170 an líon iomlán ball foirne (1060.69 an choibhéis lánaimseartha) a bhí fostaithe ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas an 31ú Nollaig 2014. Léiríonn an t-iomlán seo ísliú 27% ar an 1605 bhall foirne a bhí fostaithe in 2008 agus ísliú de 44 ar na huimhreacha a bhí fostaithe i dtús na bliana. Tríd is tríd daoine a bheith ag dul ar scor ba chúis leis an titim sna huimhreacha sa bhliain 2014.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Ní hionann aon dá ghníomhaíocht oibre ar fud Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Teastaíonn comhoibriú agus tiomantas iomlán na bhfostaithe go léir chun cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú in eagraíocht a bhfuil an oiread réimsí éagsúla inti. Féachann an eagraíocht lena gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a dhéanamh i gcaoi is go gcinnteofar, a mhéid is indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a fostaithe go léir agus sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair dhaoine eile a ndéanfadh a gníomhaíochtaí ó lá go lá difear dóibh.

## An Córas Bainistíochta Sábháilteachta

Éilíonn an Córas Bainistíochta Sábháilteachta atá againn orainn an tslí ina n-oibrímid a bhainistiú agus a bheith ag gabháil de phróiseas an phróisis feabhsúcháin leanúnaigh. Déantar an córas bainistíochta sábháilteachta atá againn a athbhreithniú agus a nuashonrú go leanúnach.

## Oiliúint i gcúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta

In 2014, cuireadh 74 chúrsa oiliúna ar shláinte agus ar shábháilteacht i gcrích agus caitheadh €126,193 san iomlán den bhuiséad orthu sin agus an Deontas do Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad san áireamh ann. Áiríodh iad seo a leanas leis an réimse cúrsaí - ag dul isteach i suíomhanna cúnga, láimhsiú sábháilte, sábháilteacht phearsanta ag an obair, sábh slabhrach a úsáid, slisirí adhmaid a úsáid agus an pas sábháilte.

## Sonraí na dTimpistí agus na dTarluithe

Cuireadh tuairisc faoi scór timpistí a bhain leis an obair chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta in 2014; cailleadh 644 lá oibre de bharr na dtimpistí seo.

## Cigireacht Sábháilteachta

Rinne an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta 35 chigireacht in 2014. Rinne an fhoireann ardbhainistíochta 42 chigireacht ar láithreacha. Rinne an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta 1 chigireacht amháin ar láthair oibre agus d'eisigh sé 1 tuarascáil chigireachta amháin.

## Saoirse Oinigh Chontae Átha Cliath Theas bronnta ar Stailceoirí Dunnes Stores in aghaidh Apartheid 1984-1987.

Agus é ag feidhmiú thar ceann Chomhaltaí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas Dé Máirt an 6ú Bealtaine 2014, d'fhear an Méara Dermot Looney Fáiltiú Cathartha chun Saoirse Oinigh an Chontae a bhronnadh ar na daoine seo a leanas:



- Mary Manning
- Karen Gearon
- Cathryn O'Reilly
- Thomas (Tommy) Davis
- Theresa Mooney
- Brendan Barron
- Veronica McCue
- Sandra Griffin
- Alma Russell
- Michelle Gavin
- Elizabeth Deasy

Is í Saoirse Oinigh Chontae Átha Cliath Theas an gradam cathrach is mó is féidir le Comhairle Contae a bhronnadh ar dhuine. Bronnadh an gradam as a ndearna an t-aon stailceoir déag ar mhaithe leis an ngluaiseacht frith-apartheid in Éirinn idir 1984-1987.

| Feidhmíocht Chorparáideach agus Bainistíocht Athruithe 2014 | |
|---|---|
| An líon laethanta oibre caillte de bharr asláithreacht bhreoiteachta le teastas: | 10,862.1 |
| An céatadán laethanta oibre caillte de bharr asláithreacht bhreoiteachta le teastas: | 4.51 |
| An líon laethanta oibre caillte de bharr asláithreacht bhreoiteachta gan teastas: | 1084.37 |
| An céatadán laethanta oibre caillte de bharr asláithreacht bhreoiteachta gan | 0.45 |
| An líon iomlán foirne (Coibhéis Lánaimseartha) i ndeireadh mhí na Nollag 2014: | 1060.69 |
| An líon rannpháirtithe faoin scéim Tairseach a thosaigh ar shocrúchán oibre i rith | 110 |
| An líon socrúchán faoin scéim Tairseach arna leithdháileadh ag an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an CBCC: | 215 |
| An céatadán rannpháirtithe faoin scéim Tairseach a thosaigh ag obair i rith 2014 in aghaidh na socrúcháin a bhí leithdháilte: | 51.16 |

**Tuairisc ó Lorna Maxwell, An Stiúrthóir ar Fheidhmíocht Chorparáideach agus Bainistíocht Athruithe**



# Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

D'éirigh leis an gComhairle tionscadail thábhachtacha a chur i gcrích agus dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar thionscadail thábhachtacha a d'fheabhsaigh teacht an úsáideora ar acmhainní teicneolaíochta agus d'uasghrádaigh sí seirbhísí ar mhaithe le freastal ar an athrú riachtanas san eagraíocht. Tá bonn láidir leagtha síos anois don dul chun cinn amach anseo - féadfaidh an Chomhairle leas níos fearr a bhaint as na hacmhainní, rud a neartóidh an tseirbhís soláthair agus an comhoibriú. Tugann an Rannóg TFC go leanúnach faoi bhealaí chun éifeachtúlacht na seirbhíse agus éifeachtacht a seirbhísí a fheabhsú.



## Tionscadail TFC in 2014

### Tionscadal Saor Wi-Fi i Sráidbhailte Átha Cliath Theas

Leathnaíodh an tseirbhís Saor Wi-Fi atá á cur i bhfeidhm i gcomhar le gnóthais áitiúla chomh fada le 7 sráidbhaile eile i gContae Átha Cliath Theas. Tá an tionscadal tugtha chun críche anois agus tá sé ag obair in 9 sráidbhaile. Éascaíonn sé 67,000 ceangal ar an meán leis an tseirbhís gach mí. Tá an uimhir seo ag ardú go seasta fós.

### Riachtanais TFC na gComhaltaí Tofa

Ba í an Rannóg TFC a bhí i gceannas nuair a bhí conradh seirbhíse lánbhainistithe le soláthar maidir leis na Riachtanais TFC a bhí ag na Comhaltaí Tofa in 3 cinn d'Údaráis Bhaile Átha Cliath, rud a d'fhág gur sábháladh os cionn 30% ar chrua-earraí agus gur réitíodh comhaontú 5 bliana trína bhféadfar an réamhaisnéisiú buiséid a athchóiriú chun éifeachta.

### Tacaíocht agus Cothabháil TFC

Sa bhliain 2014, cuireadh 13,657 gceist a bhain le tacaíocht theicniúil chuig an Deasc Thacaíochta TF agus réitigh ár bhfoireann theicniúil iad. Leanadh de na huasghráduithe agus den athsholáthar gnáthaimh, agus áiríodh leo lán-athnuachan ar an gcóras oibriúcháin deisce agus uasghráduithe ar bhogearraí an bhunachair shonraí ar mhaithe leis an tslándáil sonraí a bhreisiú. Rinneadh uasghrádú ar an trealamh LAN agus ar bhonneagar an fhreastalaí fhíorúlaithe, agus chomh maith leis sin bhí feabhsúcháin leanúnacha á ndéanamh ar an mbandaleithead le haghaidh na gcianoifigí, agus rinneadh feabhsúcháin ar na seirbhísí wi-fi corparáideacha.

### Tionscadail Forbartha Bogearraí agus Cur i bhFeidhm Córas

Rinneadh athfhorbairt ar an gcóras corparáideach, MembersReps, agus breisíodh na córais atá ann lena n-áirítear Córas na gCíosanna Tithíochta agus Córas Orduithe an Phríomhfheidhmeannaigh. Forbraíodh córais nua lena n-áirítear Córas Bainistíochta Saoráidí agus Córas Bainistíochta Conarthaí. Bhí páirt mhór againn freisin i gcur chuige na seirbhísí comhroinnte i dtaca le haon Chóras Bainistíochta Leabharlainne amháin ar tugadh an próiseas tairisceana ina leith chun críche le deireanas.

### Comhlíonadh

Phróiseáil an Chomhairle 77 bhfreagra ar iarrataí faoi Shaoráil Faisnéise a rinneadh ar an eagraíocht i gcaitheamh 2014. Chomhlíonamar freisin na hiarrataí RFC, Ombudsman agus Cosanta Sonraí a fuarthas sa tréimhse chéanna

| Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) 2014 | |
|---|---|
| An líon amharc ar shuíomhanna gréasáin na Comhairle: | 5066374 |
| Costas Crua-earraí agus Bogearraí roinnte faoi CL: | 3613.85 |

**Tuairisc ó Tommy Kavanagh,
Ceann na gCóras Faisnéise**



# Seirbhísí Tithíochta, Sóisialta agus Pobail

# Contae Aoisbhách

## Contae Aoisbhách

Is Contae Aoisbhách é Contae Átha Cliath Theas agus is Comhaontas de pháirtithe deonacha agus reachtúla a bhíonn i mbun comhordaithe ar an Straitéis Aoisbhá. Bunaíodh tionscadail nua go leor in 2014 lena n-áirítear Clár na nAmbasadóirí Aoisbhácha agus OPRAH (Daoine breacaosta ag fanacht sa Bhaile). Is é an aidhm atá leis na tionscadail go léir gur áit iontach í Áth Cliath Theas le bheith ag dul in aois ann.

## An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ)

Bunaíodh an CFPÁ i mí na Nollag 2013 agus tháinig sé le chéile go rialta in 2014. Maoirsíonn an coiste seo CCSGP, an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus um Ghníomhachtú an Phobail a bheidh á chur i ngníomh ag Comhpháirtíocht Chontae Átha Cliath Theas ó Aibreán 2015. Tá baint ag an CFPÁ freisin le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) 6 bliana a fhorbairt don Chontae. Tá sé d'aidhm leis an bplean seo éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chistithe don fhorbairt pobail agus áitiúil a chinntiú sa Chontae.

## An Líonra Comhpháirtíochta Pobail (LRP)

Bunaíodh LRP Átha Cliath Theas i mí Dheireadh Fómhair 2014. Is líonra nua é an LRP do ghrúpaí ar fud an Chontae a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí bainteach leis an bpobal, le cuimsiú sóisialta agus leis an gcomhshaol. Is éard atá i gceist leis an LRP gur deis é ag an bpobal páirt níos gníomhaí agus níos foirmiúla a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ceaptha beartais agus maoirseachta Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Is líonra roinnte eolais é freisin agus tabharfaidh sé deis do na grúpaí a bheidh cláraithe an nuacht is déanaí a fháil i dtaobh gníomhaíochtaí, imeachtaí, deontais agus eolas ábhartha eile. Tagann 3 rannán faoin LRP, Pobal, Cuimsiú Sóisialta agus Comhshaol agus féadfaidh grúpaí clárú faoi cheann amháin de na rannáin seo.

## An Comhchoiste Póilíneachta (CP)

Cuireadh leagan amach eile ar an CP tar éis na dtoghchán áitiúil in 2014. Méadaíodh ballraíocht an Choiste sa chaoi go dtiocfaidh na Tascfhórsaí Áitiúla ar Dhrugaí, an Ionadaíocht don Óige agus an LRP nuabhunaithe faoi.

## Cuimsiú Sóisialta

- Ar an ngearrliosta do Ghradaim Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann faoin teideal, Sláinte agus Folláine, "Cuimsiú Sóisialta as an nGarraíodóireacht Phobail"
- An tSeachtain Eorpach i gcoinne an Chiníochais - Blitz agus Comórtas Spórt
- Féile na Bealtaine 2014
- Trí cinn de Ghairdíní Pobail speisialta - Daoine Dífhostaithe/Ar scor - Daoine faoi Mhíchumais - Tionscadal Ghairdín Uilechuimsitheach Thrócaire
- Clár TF don Lucht Scoir Gníomhach
- An Tionscadal do na Scoileanna, Cultúr an Lucht Siúil in Áth Cliath Theas
- An Fóram um Imeascadh Imircigh Chontae Átha Cliath Theas
- Contae Uilechuimsitheach - Straitéis Chontae Átha Cliath Theas don Imeascadh curtha i ngníomh
- An tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta, 2014

## Seachtain na Sláinte agus na Folláine

Cuireadh tús le Seachtain na Sláinte agus na Folláine den chéad uair ar an 29ú Meán Fómhair agus lean sí go dtí an 5ú Deireadh Fómhair agus d'éirigh thar barr léi.

***Bróisiúr ar Shláinte agus Folláine 2014***

## Spóirt agus Áineas

Glacann Spórt agus Áineas páirt thábhachtach i gcónaí san fhorbairt pobail agus phearsanta trí chláir agus trí thionscnaimh go leor a bhíonn á gcur i bhfeidhm go céimneach ag an gComhairle. Oibríonn an Oifig Spórt i gcomhpháirtíocht le lear mór clubanna, scoileanna, grúpaí pobail, cumann, agus ceanneagraíochtaí náisiúnta spóirt chun clár éagsúil agus cuimsitheach a sholáthar ar fud an Chontae. Oibríonn sí freisin trí chomhpháirtíocht - tacaíonn sí le cláir an Aonaid um Chuimsiú Sóisialta agus le Comhpháirtíocht Spórt Chontae Átha Cliath Theas.



Faigheann ochtar oifigeach forbartha pobail comhchistiú chomh maith le tacaíocht agus treoir ón Oifig Spórt agus Áineasa don sacar, don rugbaí agus don chruicéad. Cuireann na hoifigigh seo na spóirt a bhfuil baint acu féin leo chun cinn, soláthraíonn siad agus éascaíonn siad réimse éagsúil clár lena n-áirítear oiliúint, oideachas, imeascadh, mná sa spórt, agus spórt do dhaoine faoi mhíchumas agus déanann siad sin i gcomhar leis an Oifig Spórt. Bíonn campaí spórt samhraidh ar siúl ag gach duine de na hoifigigh forbartha i rith na saoirí scoile ina spóirt ábhartha féin ar fud an Chontae.

Tá roinnt samplaí anseo thíos de na cláir a bhí ar siúl i mbliana:

## Imeachtaí Teaghlaigh / Pobail:

- Tóraíochtaí Taisce Cásca i bPáirc Ghleann an Ghrífín agus i bPáirc Chorcaí
- An Choill Dhraíochta oscailte i bPáirc Thigh Motháin

## Cláir do Dhaoine Breacaosta

- PALs- Oiliúint do Threoraithe Aclaíochta le haghaidh treoraithe deonacha don Lucht Scoir Gníomhach / grúpaí daoine breacaosta
- "Beir Beo ar an Saol" Cluichí do Sheanóirí Átha Cliath Theas
- "Beir Beo ar an Saol" Cluichí Náisiúnta do Sheanóirí - "Lobbers" Buaiteoirí Náisiúnta 2014
- Leabharlann Trealaimh do ghrúpaí daoine breacaosta

## Scoileanna / Cláir Forbartha Spórt

- An tSeachtain Eorpach i gcoinne an Chiníochais (Blitz Ilspórt do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna - Comórtas Chorn an Mhéara)
- Boxercise / Clár Sláinte do mheánscoileanna
- "Corn Átha Cliath Theas"- Comórtas rugbaí do mheánscoileanna
- Sraith rásaí trastíre do bhunscoileanna Átha Cliath Theas - os cionn 2,000 ógánach páirteach
- An clár- Foghlaim le bheith in ann snámh

## Cláir Pobail

- Clár na Sraithe Sacair Deireanach san Oíche
- An clár Gliairí - clár ilspórt do dhaoine óga faoi mhíchumas
- An clár - Foghlaim le bheith in ann rothaíocht i gcomhpháirtíocht le Cumas Éireann - daoine óga faoi mhíchumas coirp ag foghlaim na rothaíochta
- Ar do Rothar Leat - clár rothaíochta do leanaí faoi mhíchumas
- Ceardlann oiliúna sa Chruicéad Boird - bhronn Comhairle Idirnáisiúnta an Chruicéid an gradam "Spiorad an Chruicéid" orainn as an gclár cruicéid mar gheall ar an obair ar an uileghabhálacht

## Forbairt Pobail

- Déanann an Chomhairle urraíocht ar 5 Scéim Fostaíochta Pobail agus ar 1 Scéim Tionscnamh Post
- Fónadh do 9 gCruinniú Toscaireachta in 2014
- Soláthraíodh ceapairí, torthaí agus bainne do leanaí in 24 Bhunscoil trí Scéim na mBéilí Scoile
- Próiseáladh 56 iarratas ar dheontais faoin Scéim Deontas Pobail
- Íocadh Deontais Bhainistíochta i gCabhair le 15 Ionad Pobail
- Fuair 32 Thionscadal Samhraidh cistiú don Tionscadal Samhraidh. D'fhreastail thart ar 3,600 leanbh ar na Tionscadail Samhraidh in 2014



Lean an Fhoireann Forbartha Pobail ar aghaidh lena dtacaíocht do lear féilte pobail, lena n-áirítear an fhéile samhraidh sna sráidbhailte seo - Leamhcán, Cluain Dolcáin, Tamhlacht, Ráth Fearnáin, Baile Phámar agus Ráth Cúil. Cabhraíodh ó thaobh tacaíochta agus eagrúcháin de le líon áirithe de na 'Laethanta Spraoi don Teaghlach' a bhí ag na pobail ar fud an Chontae a reáchtáil, agus baineadh leas as an raon saoráidí pobail nua-aimseartha ilfheidhmeacha atá againn.

## Bainistíocht Saoráidí Pobail

Tugann an Fhoireann Forbartha Pobail tacaíocht, comhairle agus cabhair i gcónaí ar mhaithe leis an raon fíormhór de shaoráidí pobail, atá ar fáil i ngach limistéar ar fud an Chontae, a bhainistiú. Is iomaí gníomhaíocht agus seirbhís a bhíonn ar tairiscint sna saoráidí seo ar mhaithe le teacht i gcabhair ar na riachtanais shóisialta, áineasa agus oideachais a aithnítear sna pobail áitiúla sa Chontae.



## Comhairle na nÓg

Is Comhairle do Dhaoine Óga ar fud an Chontae í Comhairle na nÓg Átha Cliath Theas atá á bainistiú ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus a ndéanann CCÁCT, Foróige agus Crosscare éascaíocht i bpáirt uirthi. Tugann sí deis do na daoine óga atá i gContae Átha Cliath Theas ábhair a dhéanann difear dá saol laethúil a aithint agus a phlé, agus is eagraíocht í ónar féidir le daoine óga a dtuairimí agus a n-údair imní a chur faoi bhráid cinnteoirí sa rialtas áitiúil agus náisiúnta araon.

Tionóladh an CCB ar an 22ú Deireadh Fómhair - Ba iad an Méara Warfield agus Josh Norton Cathaoirleach na Comhairle a chuir tús leis agus ina dhiaidh sin bhí an Seimineár, Athnuaigh do Shaol, ann faoi stiúir Shane Martin mar aon le ceardlanna faoi stiúir Jigsaw. Isteach is amach le 110 ógánach an tinreamh a bhí ann thar ceann scoileanna, seirbhísí agus eagraíochtaí don óige. Seoladh an dlúthdhiosca ar Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh ag an gCruinniú Cinn Bhliana chomh maith le Céim 1 den Chairt ar Chibearshlándáil.

| Seirbhísí Pobail 2014 | |
|---|---|
| An líon iomlán meánscoileanna áitiúla agus grúpaí óige: | 336 |
| An líon meánscoileanna áitiúla agus grúpaí óige páirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg: | 123 |
| An líon ball as an earnáil phríobháideach ar an CFPÁ an 31ú Nollaig | 2 |
| An líon daoine a thosaigh ag obair taobh istigh de 6 mhí ón am a fuair siad tacaíocht faoi Sprioc 3: | 339 |

# Tithíocht

Soláthraíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas 11,223 aonad san iomlán de chóiríocht tithíochta do thionóntaí; tá gnáth-thithíocht údaráis áitiúil, Cóiríocht don Lucht Siúil, An Scéim Cóiríochta ar Cíos, agus Cláir Léasúcháin éagsúla i gceist leo sin. Oibrímid go han-dlúth freisin le líon áirithe Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe chun réitigh go leor a fháil ar chúrsaí tithíochta.

| Miondealú ar na hAonaid Tithíochta | |
|---|---|
| Gnáth-thithíocht Údaráis Áitiúil | 8,992 |
| Cóiríocht don Lucht Siúil | 204 |
| Cóiríocht SCC | 1,480 |
| Tithe ligthe faoi Chláir Léasúcháin Éagsúla | 547 |

## Measúnú ar Riachtanais Tithíochta

Ba 8,564 iarratasóir líon iomlán na n-iarratasóirí ar thithíocht cheadaithe a bhí ar liosta tithíochta na Comhairle an 31 Nollaig 2014.



## Rogha Tithíochta

Lean an Chomhairle ar aghaidh leis an Scéim Rogha Tithíochta trína dtugtar de rogha d'iarratasóirí a bhíonn ar an Liosta Tithíochta iad a bheith curtha san áireamh le haghaidh maoine folmha áirithe sna limistéir a bhíonn luaite mar rogha acu. Léirigh 9,330 iarratasóir incháilithe spéis in 74 mhaoin a bhí fógartha faoin Scéim Rogha Tithíochta nua in 2014.

## Cóiríocht do Dhaoine gan Dídean

Soláthraítear comhairle, eolas, measúnú do dhaoine gan dídean, seirbhís atreorúcháin agus socrúchán leapacha i gcás éigeandála (más gá) sna clinicí buail isteach atá ag an Aonad Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean agus leithdháiltear cóiríocht tithíochta ar dhaoine gan dídean freisin chomh maith le seirbhís tacaíochta do thionóntaí ina dtithe féin (i gcomhpháirtíocht le Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath). Ba 234 iarratasóir a bhí cláraithe mar dhaoine gan dídean an 31ú Nollaig 2014. D'éirigh leis an Aonad buanchóiríocht a fháil do 119 n-iarratasóir gan dídean i gcóiríocht shóisialta, dheonach nó i gcóiríocht phríobháideach ar cíos in 2014. Cuireadh tús leis an gcéad seirbhís den Chóiríocht Shealadach Thacaithe atá ag an gComhairle in Áth Cliath Theas den chéad uair i mí na Bealtaine 2013 agus bhí 21 leaba mar acmhainn aici in 2014.

## An Clár Tógála Tithe

Fuair Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath cistiú faoin Scéim Cúnaimh Caipitil chun 8 n-aonad cóiríochta a cheannach i gCúirt Rois, Leamhcán in 2014. Fuair an Chomhairle cistiú freisin chun 13 aonad d'aonaid tithíochta incheannaithe nár díoladh a cheannach faoi na cláir fála in 2014, cláir a chistigh RCPRÁ.

## An Scéim Cóiríochta ar Cíos

Sa bhliain 2014 cuireadh 371 mhaoin faoi urrús faoin Scéim Cóiríochta ar Cíos (SCC); urrús céaduaire a bhí i gceist le 201 de na maoine agus athnuachan a bhí i gceist leis an 170 maoin eile. An 31ú Nollaig bhíothas tar éis 2266 chonradh san iomlán a dhéanamh faoi shocruithe SCC ó bunaíodh í in 2004.

## Tionscnamh Léasúcháin Tithíochta Sóisialta

I gcaitheamh 2014, rinne an Chomhairle léirithe spéise a phróiseáil maidir le roghanna léasúcháin ó úinéirí maoine príobháideacha i ndáil le breis is 100 maoin. B'fhéidir cigireacht a dhéanamh ar 68 díobh sin maidir leis na caighdeáin léasúcháin/ligin a chomhlíonadh. In 2014 fuarthas 123 mhaoin san iomlán faoi théarmaí an Tionscnaimh Léasúcháin Tithíochta Sóisialta agus leithdháileadh na maoine ar dhaoine a bhí ar na liostaí tithíochta sóisialta.

## Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ICT)

Tacaíocht nua don tithíocht shóisialta a tugadh isteach de réir Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 is ea ICT. Is éard atá i gceist leis an ICT an fhreagracht as cúnamh cíosa a sholáthar do dhaoine a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmach acu a aistriú ón Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) go dtí na hÚdaráis Áitiúla. Leanfar ar aghaidh leis an bhforlíonadh cíosa a íoc le daoine i gcall tacaíocht ioncaim fhadtéarmach chun an cíos a íoc, de ghnáth mar gheall gur chaill

siad a bpost. Faoi ICT moltar do na faighteoirí glacadh le fostaíocht lánaimseartha agus iad fós ag fáil tacaíocht títhíochta.

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar cheann de na seacht nÚdarás Áitiúla sa tír a bhfuil an scéim tugtha isteach acu. Cuireadh tús léi ar an 17ú Samhain, 2014 agus bhí 8 n-iarratas ar ICT réitithe in 2014.

## Cothabháil Tithe

- Athligeadh 198 n-aonad agus rinneadh oibreacha fuinnimh ar 14 díobh sin
- Dhéileáil muid le 14,944 iarraidh ar chothabháil
- Deisíodh 14 theach a raibh damáiste déanta ag tine dóibh
- In 2014, deisíodh 1 teach amháin a raibh damáiste mhailíseach déanta dó
- Cuireadh isteach fuinneoga agus doirse nua in 192 theach ar €5,900 ar an meán an teach agus tháinig 35 díobh sin faoin gClár Fuinnimh i dTigh Motháin Thuaidh, i mBaile Thigh Motháin agus in Eastát Aonghasa agus bhí cistiú ar leithligh ag gabháil leo. Tá 798 dteach eile ar an liosta le haghaidh oibreacha athsholáthair
- Is faoin gClár Fuinnimh a rinneadh an t-uasghrádú ar 422 theach ar Eastáit Pháirc Mhaolrosa, Ráth an Deagánaigh, Arda Airlie, Eastát Rónáin, Eastát an Ghleanna Mhóir agus Eastát Dhrom Cara

## Cíosanna Tithíochta

Tá Scéim Cíosanna Difreálacha i bhfeidhm ag an gComhairle faoi láthair faoina ndéantar an cíos a mheas de réir 10% d'ioncam seachtainiúil an teaghlaigh. Ba €21,931,087 an t-ioncam a bhí ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas as cíosanna sa bhliain 2014 agus áirítear cuntais SCC leo sin. Molann an Chomhairle do thionóntaí a bhfuil sé deacair orthu an cíos a íoc teagmháil a dhéanamh láithreach leis an Rannán Cíosanna ionas go bhféadfaidh an Chomhairle cabhair a thabhairt dá tionóntaí plean íocaíochta a chur le chéile chun aon riaráistí atá le híoc a ghlanadh. Tá breis is 10,300 cuntas faoi mhonatóireacht ag an Rannán Cíosanna, lena n-áirítear cuntais SCC. Seoltar ráiteas chuig na tionóntaí gach ráithe ar a dtaispeántar na híocaíochtaí a rinne siad agus aon iarmhéid a bhíonn le híoc. In 2014, seirbheáladh 75 Fhógra Fágála san iomlán ar thionóntaí mar nach raibh an cíos íoctha acu.

## Cóiríocht don Lucht Siúil

Cuireadh cóir chóiríochta ar fiche teaghlach den Lucht Siúil in 2014. Tá an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil atá ag an gComhairle á chur i ngníomh fós ag an Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil; soláthraíonn sé aonaid nua agus déanann sé bainistíocht ar an stoc reatha sainchóiríochta atá ag an gComhairle don Lucht Siúil.

## Deontais Tithíochta 2014

Tá trí dheontas i bhfeidhm ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas atá á gcomhchistiú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (80%) agus ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas (20%). Tugtar na sonraí a bhain leis na deontais in 2014 sa tábla seo thíos:

| An Cineál Deontais | An Líon Iarratas | Luach |
|---|---|---|
| Deontais d'Oiriúnú Tithe | 72 íoctha | €628,667.43 |
| Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta | 95 íoctha | €426,199.14 |
| Tacaíocht Tithíochta do Dhaoine Scothaosta | 16 íoctha | €70,711.85 |

## Deontais do Dhaoine Míchumasaithe (Tionóntaí Comhairle) 2014

Tá Scéim Deontais do Dhaoine Míchumasaithe i bhfeidhm ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas do thionóntaí na Comhairle. Is oibreacha beaga amhail cithfholcadáin boinn leibhéalta, cathaoireacha staighre, rampaí, agus athchóiriú seomra a thagann faoin deontas chun cur ar chumas daoine míchumasaithe maireachtáil ina dteaghaisí gan bheith ag brath ar aon duine eile. Tagann oibreacha chun maoine Comhairle a fhadú faoin deontas freisin. Ceadaíonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an leithdháileadh cistiúcháin faoin Scéim Oibreacha Feabhsúcháin in Ionad/ Faduithe agus faoin scéim DDM. Ceanglaítear ar an gComhairle ranníocaíocht de 10% de na costais a íoc trína fáltais chaipitil inmheánacha féin.

Íocadh 63 íocaíocht in 2014 dar luach €202,809.09 san iomlán faoi na comhaid DDM. D'íocamar 44 íocaíocht san iomlán le teiripeoirí ceirde (ar chostas €7,440.00). Ba €210,249.09 an caiteachas iomlán don bhliain 2014.

## Tacaíocht Forbartha Pobail i ndáil le Tithíocht




Lean Seirbhís Bainistíochta Eastáit na Comhairle lena cuid oibre a bhain le ceangail a dhéanamh le pobail agus le cabhair a thabhairt ionas go ndéanfaí níos mó forbartha sna pobail sin. Cuireadh tuairisc faoi 1250 eachtra faoi bhráid na Seirbhíse um Iompar Frithshóisialta in 2014.

## An Rannán Oibre Sóisialta den Leas Tithíochta

In 2014, fuair an Rannán Oibre Sóisialta den Leas Tithíochta 257 gcás nua a bhí curtha ar aghaidh chuige ó rannáin éagsúla sa Chomhairle agus ó raon foinsí éagsúla lena n-áirítear FSS, Tusla agus an earnáil dheonach. Tugadh 140 cás ar aghaidh ón mbliain 2013 agus rinne an rannán 431 fhiosrú a bhainistiú freisin.

Chuir an rannán oibre sóisialta den leas tithíochta seirbhís tacaíochta don obair shóisialta ar fáil do thionóntaí, thug sé eolas agus comhairle do dhaoine aonair nó do lucht gairme ar theastaigh treoir uathu maidir le saincheisteanna tithíochta, ach chomh maith leis sin rinne sé an méid seo freisin:


- Lean sé dá chúnamh chun beartas na Comhairle i dtaca le Leanaí agus Daoine Óga a Chosaint a chur i ngníomh trí sheisiúin eolais ar chosaint leanaí a bheith ann don fhoireann.
- Chomhordaigh agus d'athbhreithnigh sé na cásanna a bhí tagtha ar aghaidh chuige agus ar ghá tacaíocht ó ghníomhaireacht sheachtrach dóibh ó: Focus Ireland (tionóntacht a choinneáil), Seirbhís Fhor-rochtana HAIL agus Seirbhís Fhor-rochtana Sonas.
- Lean sé dá thacaíocht d'fhorbairt Choiste na dTosaíochtaí a dhéanann cinntí maidir le hiarrataí, gan teastas dochtúra leo, ar aistriú go teach eile.
- Chuir sé an cleachtas aisiríoch chun cinn tuilleadh sa Rannóg Tithíochta mar chuir sé bainisteoirí sa Rannóg Tithíochta faoi oiliúint agus mar chleacht sé teicnící an chleachtais aisiírigh go leanúnach san obair sa rannán.
- Chuir sé seisiúin eolais ar bun do ghníomhaireachtaí seachtracha inar thug sé breac-chuntas ar obair sheirbhís na hoibre sóisialta den leas tithíochta agus ar obair na Rannóige Tithíochta i gcoitinne.

## Príomhtháscairí

- Leithdháileadh ceithre chéad is cúig theach ar thionóntaí nua a bhí ar an Liosta Tithíochta in 2014 agus ba trí SCC agus tríd an gClár Léasúcháin a fuarthas 178 dteach díobh
- Deonaíodh trí iarraidh is caoga ar Aistriú
- Rinneadh 17,221 iarraidh ar chothabháil agus bhí 14,994 díobh réitithe taobh istigh de na spriocamanna
- Ba €21,931,087 an tIoncam ó Chíos do 2014 agus ba €41.49 an meánchíos seachtainiúil
- Ba 1,034 iasacht a bhí sa chuntas iasachta beo i bpunann na Comhairle in 2014 agus ba €5,009,129 an méid a bailíodh. B'ionann is 81.10% ráta Bailiúcháin na nIasachtaí
- An líon teaghaisí folmha 42
- Íocadh 73 Dheontas Míchumais ar Theaghaisí Comhairle dar luach iomlán €385,980.39

| Tithíocht 2014 | |
|---|---|
| An líon iomlán teaghaisí i stoc an údaráis áitiúil | 8,999 |
| An t-achar, ar an meán, (i seachtainí) ón dáta a fágadh an teaghais go dtí an dáta ar a ndearnadh na deisiúcháin riachtanacha uile a measadh gur ghá iad chun an teaghais a ligean an athuair: | 11.1 |
| An meánchostas ar aonaid gan tionóntaí a réiteach lena ligean an athuair in 2014: | 12,442 |
| An líon teaghaisí a soláthraíodh in 2014: | 372 |
| An líon teaghaisí a thóg an Chomhairle in 2014: | 12 |
| An líon aonad a soláthraíodh faoi SCaC in 2014: | 211 |
| An líon aonad a soláthraíodh faoi HAPS in 2014: | 8 |
| An líon aonad a soláthraíodh faoin Tionscnamh Léasúcháin Tithíochta Sóisialta: | 137 |
| An líon teaghaisí tithíochta sóisialta foriomlán san údarás áitiúil an 31 Nollaig 2014: | 11,034 |
| An líon aonad foriomlán a soláthraíodh faoi SCaC: | 1,480 |
| An líon aonad foriomlán a soláthraíodh faoin Tionscnamh Léasúcháin Tithíochta Sóisialta in 2014: | 547 |
| An líon aonad ar cuireadh tionóntaí iontu in 2014: | 200 |
| An líon cigireachtaí BTCP a rinneadh | 2,799 |
| **Deisiúcháin Tithíochta** | |
| An líon deisiúchán a críochnaíodh: | 14,944 |
| An líon iarrataí ar dheisiúchán a fuarthas: | 17,221 |

**Tuairisc ó Billy Coman,**
**Stiúrthóir na Seirbhísí Tithíochta, Sóisialta agus Pobail**



# An Rannóg Seirbhísí Ailtireachta (RSA)

Sa bhliain 2014 thug RSA aghaidh ar raon méadaitheach tionscadal ó fheabhsúcháin uirbeacha, go díriú isteach go mór arís ar dhearadh tithíochta agus as sin go tionscadail taighde agus nuálaíochta i réimse an fhuinnimh in-athnuaite. Oibríonn Seirbhísí Ailtireachta go dlúth leis na rannóga eile agus i gcomhpháirtíocht leis na Pobail ar mhaithe le comhshaol éifeachtach agus inbhuanaithe; déanann siad sin tríd an dea-dhearadh, trí dhéanamh áiteanna ar ardchaighdeán agus trí chothabháil agus trí fheabhsú na sócmhainní tógtha atá ann.



## Na Tionscnaimh Sráidbhaile

Is é príomhchuspóir an Tionscnaimh Sráidbhailte cabhair a thabhairt chun na 9 sráidbhaile thraidisiúnta atá sa Chontae a fhorbairt ionas go bhféadfar díriú orthu chun líonraí siúlóide agus taitneamhachta a bhunú thart timpeall orthu do na pobail a mhaireann ina gcomharsanacht, cur lena dtarraingteacht agus lena n-acmhainn don chuartaíocht, caighdeán na bhfoirgneamh agus méid a n-úsáide a ardú agus deiseanna eacnamaíocha a mhéadú dá mbarr. D'fhoilsigh Seirbhísí Ailtireachta treoir chun aghaidheanna siopaí a fheabhsú mar thaca don chlár deontais chun aghaidheanna siopaí a fheabhsú agus chun aird a dhíriú air. Tá treoirthionscadal Comharthaíochta idir lámha le haghaidh sráidbhaile Thamhlachta. Cuireadh scéim deontais a bhí ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun Limistéir Phoiblí a Fheabhsú i ngníomh rud a chuaigh chun tairbhe ó thaobh an chomhshaoil de do Ráth Fearnáin, An Caisleán Nua agus Tamhlacht. Tugadh comhairle faoi dhearadh agus dá toradh tógadh droichead breá do rothaithe/siúlóirí thar an Dothra. Pléadh agus cuireadh bailchríoch ar straitéisí deartha foriomlána do na 9 sráidbhaile ag leibhéal an Choiste Limistéir i gcomhar le Comhaltaí Tofa agus tugadh gealltanas docht go dtosófaí ar an obair ar an láthair in 2015.

Tugadh staidéar féidearthachta turasóireachta ar Ionad Cuairteoirí Chloigtheach Chluain Dolcáin chun críche. Cuireadh dearadh an athchóirithe le haghaidh na n-íostán atá i Radharc an Mhuilinn agus le haghaidh fadú eile amach ar aghaidh Gairdín Poiblí ar taispeáint agus ceadaíodh é faoi Chuid 8 i Meán Fómhair. Ligfear an conradh don fhoirgneamh amach ar tairiscint i lár 2015.

## Tionscadail agus Cláir Fuinnimh

Ós gurb é an tAiltire Contae Seampaín Fuinnimh CCÁCT bhí rannpháirtíocht na Rannóige sna tionscadail seo a leanas faoina chúram fós:

## Tionscadail bainteach le Fuinneamh sa Limistéar Bardasach

Cuireadh Bunachar Sonraí de na Sócmhainní Fuinnimh atá i bhFoirgnimh na Comhairle le chéile inar clúdaíodh na grúpaí foirgneamh is tábhachtaí atá ag an gComhairle - Leabharlanna, Ionaid Fóillíochta, Ionaid Pobail, Iostaí, Oifigí Cathartha, Foirgnimh Spóirt agus Ealaíon. Rinneadh mioniniúchóireachtaí fuinnimh sna hionaid mhóra atá againn do thomhaltóirí, mar shampla na hIonaid Fóillíochta agus i Staid Thamhlachta. De bharr na n-iniúchóireachtaí seo cuireadh Clár Deiseanna Spárála Fuinnimh le chéile do na tomhaltóirí is mó, lena mbaineann clár oibreacha feabhsúcháin a mbeidh éifeachtúlacht fuinnimh agus spáráil mar thoradh air, rud a chuideoidh linn lenár spriocanna do 2020.

Cuirtear an t-eolas as na tionscadail spárála fuinnimh seo isteach in uirlis Monatóireachta agus Tuairiscithe ÚFIÉ chun na feabhsúcháin a dhéanaimid a thomhas in aghaidh na dtáscairí.

- Rinneadh Staidéar Féidearthachta ó thaobh Teicneolaíochta agus Geilleagair de ar Théamh Ceantair do Lár Thamhlachta, i bpáirt leis na Páirtithe Leasmhara, Ospidéal Thamhlachta, An Chearnóg agus ITT
- Rinneadh Staidéar Féidearthachta chun fáil amach an bhféadfaí cumhacht hidrileictreach a ghiniúint ar na sruthchúrsaí in Áth Cliath Theas; chuaigh sé seo amach ar tairiscint in 2014
- Rinneadh Comhéadan Cliste (FreqCon) a fhorbairt i dteannta Eirgrid agus na Seirbhísí Córais trí FreqCon DS3, tiontaire (300kw) Stáisiúin na Seirbhísí Córais, a fheistiú / a cheangal go sealadach ar chúl Halla an Chontae. Ceannaíodh é seo agus suiteálfar é in 2015

## Tionscadail bainteach le Fuinneamh sa phobal- Iarfheistiú an Stoic Tithíochta

Tá Tamhlacht ainmnithe ina Phobal Fuinnimh Inbhuanaithe (PBI) ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ). Táthar tar éis comhpháirtíocht neamhfhoirmiúil a bhunú idir Comhairle Contae Átha Cliath Theas i gcomhpháirtíocht leis an gCumann Ginnte Fuinnimh ar Scála Beag (CGFSB), IT Thamhlachta/ITBÁC, Fiontraíocht Éireann, Ospidéal Thamhlachta agus Ionad Siopadóireachta na Cearnóige d'fhonn Cnuasach d'Eangaí Cliste chun Fuinneamh a Ghiniúint ar Scála Beag a fhorbairt agus Tamhlacht a bheith mar lárphointe aige. Is cill táirgthe fuinnimh fhéinchothromúcháin ag a bhfuil táirgeoirí is tomhaltóirí, fuineamhh in-athnuaite a ghintear go háitiúil é Tionscadal Bhinse Tástála CGFSB ar Bhóthar na Bruíne / an tSeanbhábhúin agus ba leis a cuireadh tús leis an Eangach Chliste/Cnuasach don Scála Beag.

Cuireadh tús leis an dara cill sa Chnuasach mar chuid den tionscadal, Pobal Fuinnimh Níos Fearr 2014, a bhí ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas - a ndearna ÚFIÉ 54% de a chistiú - ar eastát Bhán an Bhábhúin; rinneadh bearta uasghrádaithe ó thaobh fuinnimh i dtithe cónaithe de ar 53 theaghais de chuid CCÁCT, agus ceanglaíodh 27 dteach de na tithe sin, Linn Snámha Thamhlachta agus dhá ionad pobail le méadrú cliste. Rinneadh oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh freisin i Saoráid Phobail Belgard mar chuid den tionscadal arna chistiú ag ÚFIÉ. Tá na tionóntaí go léir, na grúpaí a bhíonn á húsáid agus an fhoireann i bhfad níos mó ar a gcompord mar gheall ar an insliú agus ar an gcóras teasa feabhsaithe agus tá na costais fuinnimh íslithe.

Cuireadh isteach insliú san Áiléar agus sna Cuasbhallaí in 457 dteaghais CCÁCT sa bhliain 2014 faoin gClár Iarfheistithe Fuinnimh de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Rinneadh 245 chigireacht don Rannóg Tithíochta chun caighdeán na bhfuinneog a mheas agus cuireadh fuinneoga agus doirse seachtracha atá tíosach ar theas isteach in ionad na seancheann in 157 dTeaghais in 2014 faoin gClár Athsholáthair Fuinneog agus rinneadh oibreacha athsholáthair in 35 theaghais faoin gClár Fuinnimh atá ag an Rannóg Tithíochta. Rinneadh bearta uasghrádaithe ó thaobh fuinnimh de in 15 theach fholmha fad is a bhí na hoibreacha athligin ar bun, agus ba é Cléireach Oibreacha RSA a bhí i mbun monatóireachta ar na bearta spárála fuinnimh a rinneadh.

Chuir an Chomhairle seirbhís ar na coirí in 7400 teaghais in 2014 mar chuid de chóras leanúnach cothabhála a chinntíonn éifeachtúlacht agus sábháilteacht na gcóras téimh lárnaigh atá i stoc na Comhairle, faoi stiúir chigirí meicniúla RSA.

Sa bhliain 2014, rinne Cigireacht Leictreach na Rannóige breis is 1945 chigireacht leictreach a bhain le stoc CCÁCT chun sábháilteacht agus comhlíonadh na rialachán maidir leis na cláir leanúnacha chothabhála agus uasghrádaithe a chinntiú i ndáil leis an stoc Tithíochta agus leis na foirgnimh chathartha araon..

## Tionscadail pobail agus chónaithe eile a raibh a ndearadh faoi mhaoirseacht RSA

### Leabharlann Chluain Dolcáin Thuaidh, Rualach

Rinneadh suirbhé ar líon áirithe láithreacha i limistéar Chluain Dolcáin Thuaidh agus rinneadh measúnú orthu mar láithreacha le haghaidh na leabharlainne pobail nua. Moladh láthair i sráidbhaile Rualaí féin. Ceapadh dearadh agus cuireadh ar taispeáint go poiblí é faoi Chuid 8 den Chomhairliúchán Pleanála. Cheadaigh na Comhaltaí Tofa Cuid 8 ag Cruinniú den Chomhairle iomlán. Leagadh costas ar an togra forbraíochta agus cuireadh faoi bhráid RCPRÁ; ba í sin an chéad chéim den iarratas ar chistiú. Déanfar forbairt ar an scéim agus tosófar ar an doiciméadú don tairiscint in 2015.

### Ionad Pobail Dhoiminic

Chuir RSA fadú 54m.cr. le Saoráid Phobail Dhoiminic a raibh deontas i gcabhair faighte aici ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Rinneadh an obair taobh istigh de chlár 4 mhí.

Bíonn 22 áit bhreise sa phíosa nua le linn seisiúin réamhscoile, 15 áit don chúram iarscoile, agus bíonn spás ann do chlubanna óige, gníomhaíochtaí óige, agus do chaifé na n-óg sa tráthnóna. Tuilleadh den chomhoibriú rathúil idir an Pobal agus an Chomhairle a bhí anseo ar mhaithe le deiseanna a bheith ann chun daoine óga a fhorbairt, a spreagadh, a chumasú agus a thabhairt chun foráis in Ionad Pobail bríomhar ilfheidhmeach Dhoiminic a fhónann don bhabaí agus don déagóir.

## Club Dornálaíochta Choillte Leamháin

Athchóiríodh an mhaoin seo a bhí ann agus a bhíodh ligthe ar léas roimhe sin ag CCÁCT mar shiopa agus leagadh amach í i gcaoi is go bhfuil sí á húsáid anois mar shaoráid spórt agus mar halla traenála ag Club Dornálaíochta Golden Cobra Choillte Leamháin. Bhí tacaíocht faighte ag an gclub ó RSA san iarratas rathúil a bhí déanta acu ar dheontas i gcabhair ó Chumann Dornálaíochta Amaitéaraí na hÉireann. Cuirfidh an deontas i gcabhair ar chumas an chlub an feistiú agus na hoibreacha a chríochnú agus beidh an obair críochnaithe faoi Cháisc 2015.

## Tionscadail Tithíochta Sóisialta

Tugadh na tionscadail seo a leanas go céim na tairisceana in 2014:

| | |
|---|---|
| Athfhorbairt ar chóiríocht don Lucht Siúil ar Bhóthar Belgard | 3 theaghais clainne |
| Crochta na Gréine | 10 dteaghais clainne |
| Eastát Fhinnéin | 2 theaghais clainne |

Cuireadh moltaí tairisceana maidir leo seo thuas faoi bhráid RCPRÁ lena gceadú agus tosófar ar an obair ar an láthair in 2015.

Chuathas i mbun comhairle faoi na tionscadail seo a leanas agus ceadaíodh iad faoi Chuid 8 in 2014

| | |
|---|---|
| Faiche Mharcais | 11 teach clainne |
| Gort na Bealtaine, Céim 2 | 18 dteach clainne |
| Mac Uilliam, Baile Uí Fhoirtcheirn | 28 dteach clainne |

Cuireadh na pleananna costais faoi bhráid RCPRÁ agus lorgaíodh cead dul ar aghaidh go céim na tairisceana. Táthar ag súil leis go bhféadfar dul ar aghaidh go céim na tairisceana in 2015.

Sa ráithe dheiridh de 2014, rinne RSA mionanailís ar láithreacha ar le CCÁCT iad agus a bheadh feiliúnach d'fhorbairt áiteanna cónaithe agus líonaigh. Aithníodh 15 láthair agus cuireadh na Comhaltaí Tofa ar an eolas ag cruinniú coiste limistéir faoi na himpleachtaí a bhainfeadh leis an dearadh. Comhaontaíodh go ndéanfaí an obair dheartha le haghaidh gach ceann de na láithreacha agus go dtabharfaí ar aghaidh chomh fada le próiseas comhairliúcháin Chuid 8 iad in 2015. Leagfaí costas ar scéimeanna a cheadófaí ag an am sin agus chuirfí faoi bhráid RCPRÁ iad le cead a fháil dul ar aghaidh go céim na tairisceana..

## Oibreacha Beaga



Rinneadh oibreacha beaga i gcaitheamh na bliana i gcásanna riachtanas speisialta nuair a méadaíodh 4 theaghais; ligeadh an obair ar 4 cinn eile amach ar tairiscint, agus tá an obair le tosú ar an láthair go luath in 2015.

In 2014, rinne RSA 435 chigireacht i ndáil leis na Deontais d'Oiriúnú Tithíochta do Daoine faoi Mhíchumas, i ndáil le Deontais d'Áiseanna mar Chabhair don tSoghluaisteacht (Tithíocht) agus 225 chigireacht i ndáil leis na Deontais Chúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus i ndáil le hiarratasóirí a raibh iarratas á dhéanamh acu ar thithíocht shóisialta.

## Áirítear iad seo leis na tionscadail lenar bhain comhoibriú trasrannóg:

**Seomraí Feistis TASC i bPáirc Thigh Motháin:** I lár na bliana 2014, críochnaíodh Pailliún ina bhfuil 6 sheomra feistis, seomra mór do chlubanna, áiseanna le haghaidh réiteoirí/le haghaidh garchabhrach agus club d'úinéirí madraí. Oibreacha talún agus fóntas a bhí i gceist leis na hoibreacha. Rinneadh an foirgneamh go seachtrach ionas nach mbeifí i bhfad leis an obair fhoirgníochta.



**Clár na Scoileanna:** – in 2014 leanadh den chomhairliúchán agus den obair féidearthachta don dearadh i dteannta na Roinne Oideachais agus leanadh den teagmháil leis an Rannóg Pleanála maidir le roghnú/ceannach láithreacha a bheadh oiriúnach le haghaidh bunscoileanna i limistéar CCÁCT.

**Foirgnimh Chathartha:** Soláthraíodh seirbhísí dearaidh agus foirgníochta i gcomhair athruithe agus feistithe bainteach le Halla an Chontae agus leis na hOifigí Cathartha i gCluain Dolcáin i dtaca le hath-imlonnú foirne go hinmheánach agus le léasú spásanna chuig tríú páirtithe. Áirítear an Oifig Fiontair Áitiúil, MABS, Jigsaw, agus an Bord um Chúnamh Dlíthiúil i measc na gcliant.

Rinneadh obair ar Sheomra na Comhairle le fónamh do na 14 Chomhairleoir nuathofa. Feistíodh sciath ghloine nua thart ar Áiléar Poiblí an tseomra ar mhaithe leis an tsábháilteacht. Athraíodh an leagan amach sna hoifigí i Halla an Chontae agus sna Oifigí Cathartha i gCluain Dolcáin chun fónamh do na comhaltaí nuathofa.

## Dualgais Reachtúla


Bíonn comhairle agus seirbhísí tacaíochta ar fáil ón RSA maidir leis na nithe seo a leanas go leanúnach:-

- Árachas agus Éilimh Dliteanais Phoiblí: Tuarascálacha, Measúnú agus Finné Saineolach
- Iarrataí maidir le Tailte a Dhiúscairt: Léarscáiliú, Tuarascálacha, Measúnú agus Measúnacht
- Iarrataí ó Rannóga is Cliaint maidir le saincheisteanna a mbíonn bonn ailtireachta nó teicniúil leo
- Is í an Rannóg Ailtireachta a bhíonn i mbun bainistíochta ar an monatóireacht a dhéantar ar na Déanmhais Chontúirteacha atá sa Chontae, lena n-áirítear dóiteáin agus intitim i ndéanmhais, agus cuireann sí tuarascálacha agus measúnachtaí cigireachta le chéile. Rinneadh 65 chigireacht san iomlán ar na Déanmhais Chontúirteacha agus rinne cléirigh oibreacha 114 chigireacht ar Láithreáin Thréigthe in 2014
- Rinne RSA 2246 chigireacht don Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha in 2014
- Rinne Measúnóirí RFF atá ag obair leis RSA 610 Measúnú RFF agus d'eisigh siad an líon céanna Teastas agus Tuarascálacha in 2014
- Eisíodh 69 TTF (Teastas Taispeána Fuinnimh) freisin le haghaidh na bhfoirgneamh cathartha agus pobail uile atá ag CCÁCT sa Chontae a bhfuil an t-achar urláir atá iontu os cionn 500m$^2$

## Oibreacha Caomhantais

Bíonn RSA gníomhach i gcúrsaí caomhnaithe agus oidhreachta na ndéanmhas cosanta. Áirítear iad seo leis na hoibreacha a rinneadh in 2014- meastóireacht mhionsonraithe ar na himpleachtaí ó thaobh an chomhshaoil agus na hoidhreachta de a bheidh leis an iarratas faoi Chuid 8 le haghaidh Chloigtheach Chluain Dolcáin/Iostáin Radharc an Mhuilinn agus an togra faoi Chuid 8 le haghaidh na n-oibreacha a bheidh le déanamh in aice le Caisleán Ráth Fearnáin.

**Tuairisc ó Eddie Conroy, An tAiltire Contae**



# Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide

Tá an Stiúrthóireacht Comhshaoil, Uisce agus Athruithe Aeráide freagrach as



Tá an Stiúrthóireacht Comhshaoil, Uisce agus Athruithe Aeráide freagrach as:

- Pleanáil bainistíochta dramhaíola, rialú agus bonneagar;
- Ceadúnú, forfheidhmiú rialachán comhshaoil agus bainistíochta bruscair;
- Feasacht agus oideachas comhshaoil;
- Pleanáil d'éigeandálaí agus comhordú gníomhartha freagartha;
- Bainistíocht agus cothabháil an fhearainn phoiblí;
- Pleanáil, soláthar agus cothabháil áiseanna áineasa agus páirceanna
- Soláthar seirbhísí uisce agus dramhuisce thar ceann Uisce Éireann (faoi Chomhaontú Seirbhíse 12 bhliain);
- Truailliú Uisce a Rialú agus Bainistíocht Abhantraí
- Measúnú agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (MBRTD)

Tacaíonn an Rannóg freisin leis an ról forbartha beartais atá ag an gCoiste um Beartas Straitéiseach ar an gComhshaol, Fearann Poiblí agus Athrú Aeráide, agus ag an gCoiste um Beartas Straitéiseach ar Ghnóthaí Sóisialta agus Pobail.

## Pleanáil don Bhainistíocht Dramhaíola agus don Bhonneagar

### Plean Bainistíochta Dramhaíola an Réigiúin Thoir - Lár Tíre 2015/2021

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar cheann den 12 Údarás Áitiúla a áirítear i Réigiún Dramhaíola an Oirthir-Lár Tíre nua. Sheol Réigiún an Oirthir-Lár Tíre a Dhréachtphlean Bainistíochta Dramhaíola 2015/2021 in 2014. Déantar foráil sa phlean réigiúnach don chreat do bhainistíocht dramhaíola do na sé bliana seo chugainn agus leagtar raon beartas agus gníomhartha amach ann d'fhonn na spriocanna sainordaitheacha agus feidhmíochta atá sonraithe a bhaint amach.

Cuireadh tús le tréimhse chomhairliúcháin phoiblí i mí na Samhna 2014. Nuair a bheidh an chéim seo thart, déanfar na haighneachtaí scríofa a mheas agus foilseofar an plean bainistíochta dramhaíola réigiúnach deiridh in 2015.

- **Stáisiún Aistrithe Dramhaíola Bhaile an Mhóta –** Déanann an tsaoráid ar leis an gComhairle í a cion i gcónaí i ndáil le bainistíocht éifeachtach na dramhaíola sa réigiún
- **Conláiste Cathartha Bhaile an Mhóta –** In 2014, tháinig 99,179 nduine chomh fada leis an áit, tugadh 13,283 thonna ábhair chun na háite agus féadadh 5,014 thonna de sin a athchúrsáil
- **Baile Artúir –** Tugadh an bharrchaidhpeáil dheiridh ar an líonadh talún chun críche mar chuid de na ceanglais iarchúraim a ghabh leis an gceadúnas
- **Seanlíonta Talún leis an gComhairle –** Táthar fós ag leanúint den mhonatóireacht, den mheasúnú agus den rialú ar an dá sheanlíonadh talún atá ag an gComhairle i mBaile na mBráthar agus i mBaile Uaitéir, chun cinntiú go bhfaighfear réidh le baol ar bith a bheadh ann don chomhshaol
- **Clár na nÁiseanna Athchúrsála –** In 2014 thug cónaitheoirí atá díograiseach faoin gcomhshaol 4,581 tonna d'ábhar gloine chuig 46 láthair ar a bhfuil bainc 'fág anseo'

## Ceadúnú agus Forfheidhmiú i leith cúrsaí Comhshaoil

Is é Rannán Ceadúnúcháin agus Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil atá freagrach as maoirseacht na saoráidí/na dtáirgeoirí ceadaithe/ceadúnaithe sa Chontae, agus tagann Dramhaíl, Truailliú Uisce agus Rialú, Ceadúnúchán Doirte, WEEE, Péinteanna, Pacáistiú, Truailliú an Aeir, Comhdhúile Orgánacha etc. faoina chúram.

Oibríonn an Chomhairle i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil GCC maidir le maoirseacht na 17 saoráid Dramhaíola Cheadúnaithe atá suite sa Chontae agus an 163 Oibrí Bailiúcháin agus maidir le rialú na 29 líonadh talún chláraithe ach gan cheadúnas.

**Forfheidhmiú:** Rinneadh 935 chaingean fhorfheidhmiúcháin san iomlán a thionscnamh in 2014 sna réimsí - Dramhaíl, Folláine Chomhshaoil agus Truailliú Uisce.

**Ionchúisimh:** Rinneadh 42 ionchúiseamh san iomlán a thionscnamh sna réimsí - Dramhaíl, Uisce agus Folláine Chomhshaoil. Ciontaíodh cúig dhuine dhéag (Forfheidhmiú na Rialachán Uisce) agus ceathrar faoi Fholláine Chomhshaoil in 2014.

- **Bainistíocht Dramhaíola -** tá 30 saoráid cheadaithe/chláraithe agus 17 saoráid cheadúnaithe sa Chontae. Rinneadh 511 chigireacht.
- **Rialú Ceadúnúcháin Uisce agus Truaillithe** Eisíodh na Ceadúnais Uisce seo in 2014 - 491 Cheadúnas Diúscartha chun Séaraigh agus 9 gCeadúnas Diúscartha chun Uisce. Rinneadh 1270 iniúchadh monatóireachta.
- **Folláine Chomhshaoil -** rinneadh 1150 gearán maidir le truailliú an aeir agus truailliú ó thorann agus núiseanna sláinte poiblí a imscrúdú in 2014 agus tharla 608 gcaingean fhorfheidhmiúcháin dá dtoradh sin.
- **Rialú Bruscair -** eisíodh 637 bhfíneáil bhruscair (Ar an láthair agus Ionchúisimh Dhíreacha) agus eisíodh 244 Fhógra eile ag iarraidh ar úinéirí maoine cineálacha éagsúla bruscair a thógáil chun bealaigh. Rinneadh 125 ionchúiseamh a thionscnamh.
- **Rialú Ainmhithe -** eisíodh 9,383 cheadúnas madraí agus 1052 fhíneáil.

Agus í ag feidhmiú faoin Acht um Rialú Capall, chuir an Chomhairle 469 n-ainmhí isteach sa phóna agus d'eisigh sí 41 cheadúnas capall in 2014. Déanann oifigigh thréidliachta cigireacht freisin ar gach cóiríocht a bhíonn beartaithe faoi na hiarratais ar cheadúnas capall.

- **Sábháilteacht Bhia agus Seirbhísí Tréidliachta -** rinne Cigirí Tréidliachta na Comhairle maoirseacht ar 31 Saoráid agus thug siad faoi 867 n-iniúchadh sa tSábháilteacht Bhia/ Iniúchtaí Tréidliachta ar fud Réigiún Bhaile Átha Cliath agus i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta thar a gceann seo - ÚSNÉ, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairlí Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Fhine Gall.
- **Láithreáin Thréigthe -** rinneadh 114 chigireacht tosaigh i gcaitheamh 2014 agus seirbheáladh 50 Fógra.

| Gníomhaíochtaí | 2013 | 2014 |
|---|---|---|
| Táirgeoir le Cead/Cláraithe | 654 | 756 |
| Gearán a freagraíodh | 1,480 | 3,381 |
| Cigireacht a rinneadh | 5,536 | 4,394 |
| Fíneáil a Eisíodh ar an Láthair | 752 | 625 |
| Fógra Rabhaidh/Reachtúil | 1,353 | 1,179 |

## Feasacht agus Oideachas Comhshaoil




Díríonn na cláir don Fheasacht Chomhshaoil a chuirtear ar fáil do scoileanna, teaghlaigh, pobail agus gnóthais ar an oideachas agus ar an bhfeasacht faoi gach gné den chomhshaol. Cuireadh na cláir agus na tionscnaimh seo a leanas i gcrích in 2014:

| Gníomhaíochtí | Uimhir |
|---|---|
| Feachtas Náisiúnta eg Seachtain Náisiúnta an Ghlantacháin Earraigh, Scoil Ghlas, An tSeachtain Eorpach faoin choinne Laghdú Dramhaíola | 7 |
| Feachtas Áitiúil/Réigiúnach - Seachtain na hÉiceolaíochta, Oíche Shamhna, An Nollaig | 17 |
| Ceardlann ar Bhruscar, Dramhaíl, Uisce, Fuinneamh, Athrú Aeráide, Bithéagsúlacht | 187 |
| Caint do Scoileanna | 11 |
| Measúnú ar Scoileanna Glasa | 27 |
| Searmanas Scoileanna Glasa | 11 |
| Scoil Ghlas Cláraithe | 124 |
| Scoil Ghlasa Cláraithe agus Brat aici | 96 |
| Comórtas | 2 |
| Seimineár/Cruinniú Poiblí | 7 |
| Scéim Deontais - in aghaidh an Bhruscair, Graifítí, faoi Nollaig | 3 |
| Imeacht i Seachtain na hÉiceolaíochta | 80 |
| Tionscadal Feasachta | 6 |
| Iarratas ar Chreidmheas Sóisialta | 2,532 |
| Iarratas ar Shiúlóir Madra Glas | 265 |
| Bróisiúr/Bileog/Eolas | 43 |




## Cothabháil Chomhshaoil/An Fearann Poiblí a Chothabháil

Clár fairsing é Clár Cothabhála an Fhearainn Phoiblí a dtagann na réimsí seo a leanas faoi -

- **Glanadh Bailte/Sráidbhailte -** Cuireann acmhainn speisialta don ghlanadh sráideanna a bhíonn in úsáid in 8 lár bailte/sráidbhailte os cionn 16,000 uair an chloig de ghlanadh sráideanna isteach sa Chontae.
- **Piocadh Bruscair -** Déantar os cionn 7,000 babhta pioctha bruscair tríd an ngnáthchlár Pioctha Bruscair agus Glanta Eastát atá dírithe ar thart ar 750 eastát tithíochta agus ar láithreacha eile.
- **Clár na mBoscaí Bruscair -** Déantar cigireacht/cuirtear seirbhís ar os cionn 600 bosca bruscair gach lá.
- **Dumpáil Neamhdhleathach -** Tugadh gnáthchuairt ar thart ar 30 ionad ina mbíonn dumpáil neamhdhleathach ag tarlú agus tógadh ábhar a bhí dumpáilte chun bealaigh astu.
- **An Clár Scuabtha Sráideanna -** Scuabadh 5,230 km san iomlán de bhóithre agus glanadh 47,000 silteán bóithre in 2014 faoin gconradh chun bóithre a scuabadh agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar.
- **Bainistíocht Crann -** Rinneadh dul chun cinn maidir le clár na n-oibreacha crann don Gheimhreadh/Earrach 2014 a chríochnú. Rinneadh oibreacha breise i dtréimhse chlár 2014 mar gheall ar an damáiste mór a bhí déanta ag na stoirmeacha tar éis na Nollag.
- **Gearradh Féir -** gearradh c. 1100 heicteár féir i rith an tséasúir.
- **Cothabháil Reiligí -** Cuireadh seirbhísí cothabhála ar fáil in 18 Reilig. Bhí 663 adhlacadh i reiligí na Comhairle in 2014.

## Soláthar agus Cothabháil Áiseanna Áineasa



- **Páirceanna, Páirceanna Imeartha agus Áiteanna Súgartha -** tá 1,700 heicteár d’fhearann páirce poiblí, spásanna oscailte, gleannta abhann, lena n-áirítear 5 Pháirc Réigiúnacha agus 50 Páirc Chomharsanachta agus 14 áit spraoi do leanaí ann. Cuirtear áiseanna

spórt agus áineasa ar fáil freisin. Tá 170 bpáirc imeartha ann a fhreastalaíonn ar na 78 gclub spórt atá bunaithe sa Chontae.

- **Cuibhrinn -** 259 gcuibhreann - i dTigh Motháin, Corcach, Lána an Mhuilinn agus i mBaile na mBráthar.

**Áirítear iad seo leis na háiseanna eile:**

- Iascach Pháirc Chorcaí
- Páirc Charbhán agus Champála Ghleann na Camóige
- Staid Thamhlachta
- Cúrsa gailf Chaisleán na Gráinsí

## Pleanáil d'Éigeandálaí Móra

Lean an Chomhairle dá rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí pleanála agus oiliúna a bhí eagraithe ag Grúpa Oibre Réigiún an Oirthir agus go hinmheánach. Tá na mion-chomhshocruithe don chomhordú, don chomhoibriú agus don fhreagairt a bheidh idir na gníomhaireachtaí éagsúla á bhforbairt i gcónaí.

## Na Seirbhísí Dóiteáin

Seirbhís chomhroinnte atá sa tSeirbhís Dóiteáin atá á feidhmiú ar bhonn gníomhaireachta ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do gach ceann d'Údaráis Bhaile Átha Cliath. Áirítear an tseirbhís otharcharranna éigeandála atá sa Chontae léi sin. Is ar Bhóthar Belgard, Tamhlacht, atá an príomhstáisiún dóiteáin do Chontae Átha Cliath Theas suite. In 2014, cuireadh fios ar Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath le freastal ar 2,102 tharlúint Dóiteáin agus Tarrthála agus cuireadh fios ar Otharcharr Éigeandála dá cuid le freastal ar 11,715 tharlúint i limistéar Chontae Átha Cliath Theas.

| Comhshaolm 2014 | |
|---|---|
| An líon ceadanna áiseanna dramhaíola agus deimhnithe ar chlárú deonaithe in 2014 | 36 |
| **Cosc ar Bhruscar agus Forfheidhmiú** | |
| An líon Gearán faoi Thruailliú ó Bhruscar: | 4956 |
| An líon Gearán faoi Thruailliú ó Bhruscar a réitíodh: | 4326 |
| **Gearáin faoin gComhshaol agus Forfheidhmiú** | |
| An líon Gearán faoi Thruailliú Aeir: | 103 |
| An líon Gearán faoi Thruailliú Aeir a réitíodh: | 99 |
| An líon Gearán faoi Thruailliú ó Thorann : | 132 |
| An líon Gearán faoi Thruailliú ó Thorann a réitíodh: | 127 |
| An líon Gearán faoi Thruailliú Uisce: | 43 |
| An líon Gearán faoi Thruailliú Uisce a réitíodh: | 43 |

# Seirbhísí Uisce

Ón 1ú Eanáir 2014 i leith tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas fostaithe mar ghníomhairí de chuid Uisce Éireann faoi Chomhaontú Seirbhíse (CA) 12 bhliain chun go bhféadfar seirbhísí uisce a sholáthar ar fud an Chontae.




Is ar an gcuideachta fóntais phoiblí, Uisce Éireann, atá an fhreagracht fhoriomlán as an soláthar uisce, as na seirbhísí dramhuisce agus as na cláir don bhonneagar uisce. Is í Comhairle Contae Átha Cliath Theas atá freagrach fós as líonra draenála an uisce dromchla.

Bhí 879 gcigireacht a bhain le huisce agus le dramhuisce (gnáthchinn agus a mhalairt) déanta faoi dheireadh mhí na Nollag 2014.

## Cothabháil agus Oibríochtaí Uisce

Baineann ceithre chrios soláthair uisce le soláthar an uisce sa Chontae. Cóireáiltear uisce na habhann sna hIonaid Chóireála Uisce sa Bhaile Mór, Léim an Bhradáin agus Baile Baodáin óna ndáiltear é chuig na príomh-thaiscumair bhonneagair atá suite in Belgard, Mullach na Pise, Teach Sagard agus Coillte Leamháin agus dáiltear amach uathu sin é go dtí na tithe agus na tionscail trí líonra 1,550 km de phríomhphíobáin uisce. Tá foinse talún amháin don soláthar uisce sa Chontae; táirgeann sé seo 120m3/sa lá go háitiúil sa Bhriotás.

Is thart ar 71 Meigilítear/sa lá an t-éileamh a bhíonn ar an uisce go laethúil sa Chontae agus dáiltear é sin ar 90,250 teach agus ar 5,500 custaiméir tráchtála.

Déantar monatóireacht agus anailís ar chaighdeán an uisce óil go laethúil chun Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil) (Uimh. 2), 2007 a chomhlíonadh. In 2014, rinneadh tástáil ar 4,165 shampla uisce san iomlán agus chomhlíon 99.9% díobh na Rialacháin; is ráta é sin atá níos airde ná an meánráta náisiúnta de réir mar a thuairiscigh an GCC.

In 2014, dheisigh criúnna na Cothabháia Uisce 130 píobán uisce a bhí scoilte, rinne siad 61 hiodrant dóiteáin, 74 bhualchomhla agus 327 seirbhís a chothabháil nó a athnuachan.

## Bainistíocht an Líonra Uisce

Uirlis thábhachtach atá sa bhrúbhainistíocht chun ráta an uisce gan chuntas a ísliú agus spriocanna PSB UÉ a bhaint amach. Tá 91 chomhla íslithe brú ar an líonra uisce ar fud an Chontae agus tá rialtáin lae-oíche ar 33 ceann díobh sin ionas gur féidir an brú a ísliú tuilleadh san oíche, agus tá Rialtáin Uile-Mhodhnaithe ar 3 cinn ionas gur féidir an brú a bheith faoi bhainistíocht uathoibrithe 24 uair an chloig. Cuireadh iarratas ar chistiú isteach chuig Uisce Éireann chun go bhféadfaí Rialtáin Uile-Mhodhnaithe a fheistiú go céimneach agus brúmhonatóirí spriocphointe a shuiteáil sna háiteanna uile ina bhfuil an 91 chomhla íslithe brú. Tá an t-iarratas faoi mheasúnú ag Uisce Éireann.

Ba 18% ar an meán an méid den Uisce gan Chuntas (UGC) a d'imigh le sruth sa Chontae in 2014.

Tugadh CFG (Córais Faisnéise Geografaí) nua isteach d'Uisce Éireann in 2014. Tiocfaidh an CFG nua de chuid UÉ/ÚÁ in áit an chórais léarscáile GISAmap atá ann ó 1998.

Ó tharla gur éirigh go maith leis an triail a rinneadh ar an nGrianfhuinneamh Glas in 2013, sa bhliain 2014 soláthraíodh grianchumhacht go céimneach do 10 láthair atá ina gceantair méadar tionsclaíoch. Táthar fós i mbun trialach i mBaile Finn ar chóras Fuinnimh Hidrileictrigh Ghlais a d'fheilfeadh do láithreacha brúrialaithe.

## Cothabháil agus Oibríochtaí Draenála

In 2014, chuir an Rannán seo 1021 ordú oibre san iomlán i gcrích thar ceann Uisce Éireann; bhain an obair le bonneagar an uisce bhréin a chothabháil. Áiríodh leo sin obair shruthlaithe agus chúltarraingthe ar shéaraigh a bhí calctha, séaraigh phoiblí agus comhchórais séarachais a bhí calctha a ghlanadh, ceangail nua go dtí na príomhlíonraí poiblí a oscailt d'fhorbróirí agus obair chothabhála ar na stáisiúin chaidéalúcháin, 'tachtairí' san áireamh.

Is faoi shainchúram na Comhairle seo fós atá an fhreagracht as an gcóras bailiúcháin uisce dromchla. Áiríodh ar na hoibreacha a bhain leis an uisce dromchla na criathair abhann a chothabháil agus sruthanna a ghlanadh ionas nach mbeadh an oiread de sheans ann go dtarlódh tuile sna háiteanna is minic léi tarlú, gnáthchothabháil agus suirbhéanna le ceamara ar líonra na séarach chun calcthaí a aithint agus cuidiú le feabhas a chur ar an líonra; ba 1011 ordú oibre san iomlán an méid a bhí déanta ar deireadh.

## Truailliú Uisce a Rialú agus Bainistíocht Abhantraí

Tá an Fhoireann um Thruailliú Uisce a Rialú ag leanúint ar aghaidh leis an gclár chun eisilteach trádála na mbunachas seirbhíse bia sa Chontae a cheadúnú.

I ndeireadh 2014, bhí 427 mbunachas san iomlán den sórt sin aitheanta agus ní raibh ceadúnú ag 128 mbunachas (30%) díobh sin. Tá an clár Saillte, Olaí agus Bealadh (SOB) seachfhoinsithe.

Foilsíodh an chéad sraith de na Pleananna Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn i mí Iúil 2010 agus táthar i mbun na pleanála don dara sraith. Cuireadh an Plean Bainistíochta Abhantraí agus an Clár Beartas i dtoll a chéile ar mhaithe lenár ndobharlaigh a chosaint agus leis na cuspóirí ó thaobh an chomhshaoil de atá sa Chreat-treoir Uisce a bhaint amach.

Déileálann an tAonad um Thruailliú leis na hoibríochtaí monatóireachta, taifeadta agus glantacháin a bhaineann le haon cheann de na tarluithe truaillithe ar na bealaí uisce agus ar na sráideanna.

## Staidéir Mheasúnaithe agus Bhainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (SMBRTD)

Is é an Clár SMBRTD atá lárnach sa straitéis mheántréimhseach go fadtréimhseach chun an baol ó thuilte in Éirinn a laghdú agus a bhainistiú.

Bhí Comhairle Contae Átha Cliath Theas gafa le 2 staidéar le linn 2014 mar a leanas:

- SMBRTD an Oirthir. Tosaíodh ar an staidéar seo in 2011 agus ceaptar go mbeidh sé ar siúl go dtí deireadh 2016.
- SMBRTD na Dothra. Ghlac an Chomhairle an staidéar seo in 2014.

In 2014 chuir RPS thar ceann Oifig na nOibreacha Poiblí bailchríoch ar na Tuarascálacha maidir le Roghanna a ghabhann leis an bPoitéal agus leis an gCamóg. Is í Comhairle Contae Átha Cliath Theas atá ina húdarás ceannais chun na roghanna a ghabhann leis an bPoitéal a fhorbairt tuilleadh.

## Dearadh/Tionscadail bainteach le hUisce agus Draenáil

Cheadaigh Uisce Éireann an scéim seo a leanas maidir le hathbhreithniú ar scóip agus ar thosú na tógála faoin gClár Infheistíochta Caipitil 2014 – 2016 atá ag Uisce Éireann:

- An ceangal tábhachtach ar an bPríomhphíobán Uisce idir Teach Sagard agus Léim an Bhradáin
- Tá coimisiúnú déanta anois ar Scéim Soláthair Uisce an Bhóthair Bhuí
- Tá Scéim chun an baol ó Thuilte a Laghdú i mBaile Cuilinn san áireamh i gclár caipitil na Comhairle do 2015. Faoin scéim, tiocfaidh aon tríú den chistiú ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus is í an Chomhairle a chuirfidh an chuid eile ar fáil.

## An Rannán Meicniúil

Is faoi shainchúram feidhmiúcháin na Rannóige Comhshaoil, Uisce agus Athraithe Aeráide atá Rannán Meicniúil na Comhairle. Tugann an rannán seo tacaíocht ar scála mór do na Rannáin Oibríochta sa Chomhairle ar an iomlán mar is é a bhíonn i mbun bainistithe agus cothabhála ar an bhflít fíormhór feithiclí agus ar na gnéithe meicniúla agus leictreacha a ghabhann le stáisiúin chaidéalúcháin agus taiscumair an Uisce agus na Draenála.

Áirítear leis seo an chothabháil a dhéantar ar na painéil rialúcháin ardteicneolaíochta, ar an gcóras SCADA (Rialúchán Maoirseachta agus Gabháil Sonraí) agus ar an gcóras teiliméadrachta arb orthu a oibríonn feidhmiúlacht an bhonneagair uathoibrithe ar a mbraitheann soláthar seirbhíse éifeachtúil agus inbhuanaithe chuig na haonaid tithe agus na haonaid tráchtála.

In 2014, tosaíodh ar athsholáthar na gcaidéal i Sráidbhaile Leamhcáin agus i stáisiúin chaidéalúcháin draenála an Chaisleáin Nua faoi Chlár Mionoibreacha Caipitiúla Uisce Éireann. Tá gineadóir cúltaca ceadaithe ag Uisce Éireann le haghaidh Stáisiún Draenála na hEascrach mar aon le mionbhristeoir nua a sholáthar i dTobar na gClog, dhá fhearas atá le suiteáil sa dara ráithe de 2015.

## Athrú Aeráide

Tá an t-athrú aeráide ar cheann de na saincheisteanna is suntasaí agus is dúshlánaí atá roimh an gcine daonna faoi láthair. Déileálann An Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin a foilsíodh le deireanas leis an oiriúnú don athrú aeráide freisin, sa mhéid is go ndéantar foráil ann do Chreataí Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide leantacha a ullmhú, agus a cheadú ag an Rialtas, is creataí ina dtabharfar breac-chuntas ar straitéis náisiúnta chun bearta don oiriúnú a chur i bhfeidhm in earnálacha éagsúla agus chomh maith leis sin ag údaráis áitiúla d'fhonn go laghdófar an baol don Stát agus do na saoránaigh ó dhrochthionchair an athraithe aeráide.

Tá an Chomhairle i dteagmháil le hionadaithe thar ceann GCC le go dtabharfaidh siad lámh chúnta chun Straitéis CCÁCT um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus Clár Beartas iomchuí a chur le chéile don todhchaí.

Mar thús, tá na Rannóga ábhartha go léir i gComhairle Contae Átha Cliath Theas tar éis tosú ar chuntas a choinneáil ar na tionchair gheilleagracha a chuireann as dá sainréimse/soláthar seirbhíse chun go bhféadfar sonraí bonnlíne a thabhairt tar éis doininne is drochaimsire, mar atá á éileamh ag an GCC.

| Seirbhísí Uisce 2014 | |
|---|---|
| An toilleadh iomlán uisce soláthartha ($m^3$/sa lá) faoi na scéimeanna soláthair uisce as a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach: | 71,169 |
| An toilleadh uisce gan chuntas (m3/sa lá) faoi na scéimeanna soláthair uisce as a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach: | 12,813 |

**Tuairisc ó Teresa Walsh, An Stiúrthóir Comhshaoil, Uisce agus Athrú Aeráide.**



# Forbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireachta


## Contae Átha Cliath Theas: An Tionscnamh um Fhorbairt agus um Inbhuanaitheacht Gnóthas




Bunaíodh an Rannóg um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireachta in 2014 tar éis atreorú a bheith déanta ar oibríochtaí. Tá an cur chun cinn gníomhartha chun tacú le forbairt eacnamaíoch lárnach in obair na rannóige seo. Áirítear leis na gníomhartha sin:

- Leanúint den Straitéis Eacnamaíochta Contae don Chontae a bheith á feidhmiú go céimneach, agus a bheith ag díriú go háirithe ar dheiseanna don Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus ar thacaíocht chun bailte agus sráidbhailte an Chontae a fhorbairt.
- Páirc Gnó idirnáisiúnta Chaisleán na Gráinsí a bheith á cur chun cinn go leanúnach mar scothláthair don infheistíocht isteach, lena n-áirítear athbhreithniú ar an ábhar margaíochta. Tús a bheith curtha ag Google, Grifols agus Microsoft le forbairtí nua in 2014 agus ina theannta sin aon láthair amháin a bheith diúscartha chuig Interxion. An feabhas leanúnach ar an mbonneagar sa Pháirc tar éis don charrbhealach lárnach nua a bheith oscailte.
- Tacaíocht tugtha don fhoghrúpa, an CBS do Phleanáil agus Forbairt, agus an CBS nua d'Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireachta bunaithe.
- Tacaíocht leanúnach tugtha don fheidhmeannach cothaithe gnó, (faoin gClár Gnó a Chothú agus a Fhorbairt), i gcomhar le Comhlachas Átha Cliath Theas.
- An Oifig Fiontair Áitiúil bunaithe i Halla an Chontae, áit a bhfuil raon seirbhísí agus tacaí ilfhreastail ar tairiscint don ghnó agus don fhiontar sa Chontae.
- Ceangail oibre bunaithe le gníomhaireachtaí áitiúla, le lucht gnó agus le comhlachtaí náisiúnta tríd an gclár "Gnó a chothú agus a fhorbairt".
- Tugtar tuairisc mhíosúil iomlán agus chun dáta ar Thacaíocht Straitéiseach na Comhairle i dtaca le 'forbairt agus maireachtáil' i gCruinnithe an Ghrúpa um Beartas Corparáideach.
- Comhaontaithe i mbuiséad 2014 ag na comhaltaí tofa, aithníodh 1% den ioncam as rátaí le tacaíocht dhíreach a thabhairt do ghnóthais áitiúla bunaithe go príomha ar dheontas iníoctha le gnóthais ag a mbeadh luach rátála faoi bhun €10,000.
- D'fhonn a chinntiú go mbainfear leas as buiséad an GTG chun tacú le lucht gnó coinnítear aon fharasbarr os a chionn sin a íoctar amach i ndeontais aonair chun clár beart spriocdhírithe ar thacú leis an ngnó áitiúil a chistiú. Déantar an ciste seo a bhainistiú i gcomhar le Comhlachas Átha Cliath Theas chun díriú ar fholúntas tionsclaíoch/ tearcúsáid agus dífheidhmeacht agus chun nuálaíocht agus fiontar a chur chun cinn. Chomhaontaigh an CBS agus an Chomhairle go mbeidh úsáid na gcistí seo á rialú faoi réir chéatadáin de mhiondealú de:-
  - 60% - oibreacha feabhsúcháin ar an mbonneagar le bheith de chineál caipitiúil
  - 30% - nuálaíocht, comhairle do ghnóthais nuathionscanta agus tacaí lena n-áirítear spás cothaithe
  - 10% - oiliúint spriocdhírithe, le haithint trí shuirbhéanna spriocdhírithe agus curtha ar fáil tríd an OFÁ
- Próifíl eacnamaíoch iomlán ar Chontae Átha Cliath Theas, a rinneadh in 2014 i ndlúth-chomhoibriú idir Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus an Comhlachas. Soiléiríonn an phróifíl seo an ghníomhaíocht eacnamaíoch i gContae Átha Cliath Theas. Áiríodh suirbhé ar líne leis an bpróifíl inar

tugadh cuntas ar an gcineál gnó, láthair, gníomhaíocht, fad ar an bhfód agus riachtanais oiliúna agus bhí sin le cois na nglaonna a chuir triúr suirbhéirí ar gach aon cheann den 4500 gnóthas atá sa Chontae. Rinneadh an phróifíl eacnamaíoch i gcomhar le Tacaíocht Gnó.




- Seoladh an Straitéis Post do Chontae Átha Cliath Theas san Aibreán 2014 agus leagadh amach inti na spriocanna agus na bearta a bhféadfaidh an Chomhairle leas a bhaint astu chun dul i gcion ar fhás agus coinneáil post.
- Ceadaíodh an dearadh don straitéis, Eolas an Bhealaigh, don Chontae go léir mar aon le dearadh na gclár léarscáileanna ábhartha, dár Sráidbhailte in 2014 agus beifear á chur i bhfeidhm go céimneach in 2015.
- Bhí Taispeántas Maoine ar siúl i



Staid Thamhlachta i mí Dheireadh Fómhair 2014 inar tugadh léargas ar na deiseanna maoine tráchtála atá sa Chontae.
- Tugadh isteach Scéim Deontais le haghaidh Aghaidheanna Siopaí. Is éard atá i gceist leis an scéim cuma na siopa atá in úinéireacht neamhspleách a bhfuil a n-aghaidh ar shráideanna poiblí a fheabhsú ionas go mbeidh na sráideanna níos tarraingtí do shiopadóirí agus do chuairteoirí. Tugadh beagnach €5,000 de chistiú do na hiarratasóirí agus leanfar den scéim in 2015.
- Rinneadh Straitéis Turasóireachta a choimisiúnú ag teannadh le deireadh 2014 agus cuirfear bailchríoch uirthi in 2015 agus é de rún léi clár d'fhorbairt na turasóireachta a bheith mar threoir do na tionscnaimh sna cúig bliana seo chugainn.
- Seoladh Tionscadal an Phobail don Diaspóra a chuir roimhe cur lenar bhain Tóstal 2013 amach - fuarthas trí iarratas ar cheadú deontais agus ceadaíodh dhá cheann díobh; bhí €6,000 san iomlán de chistiú i gceist leo.




# An Rannóg Forbartha

## Bainistíocht Talún agus Sócmhainní

Leanadh den obair a bhain le cúlsoláthar tálún agus le sócmhainní maoine na Comhairle a bhainistiú go réamhghníomhach lena n-áirítear an obair leanúnach maidir le fáil, bainistíocht agus diúscairtí talún.

Rinne na Comhaltaí cinneadh ar dhiúscairtí, agus cinneadh i measc diúscairtí eile, go ndéanfaí tailte a dhiúscairt chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus chuig an Aire Oideachais agus Scileanna i rith 2014 rud a fhónfaidh chun seirbhísí sláinte agus scoileanna sa bhreis a sholáthar sa Chontae.

Leanadh ar aghaidh leis an gclár maoine a thabhairt cothrom le dáta agus lena chothabháil á chinntiú go mbeidh leasanna na Comhairle cosanta maidir leis seo. Forbraíodh bunachar sonraí inmheánach de na ceadúnais agus na léasanna go léir agus tá an t-eolas á chur isteach ann ionas go mbeidh na comhaontuithe dlíthiúla go léir a bhaineann le ligean maoine de chuid na Comhairle istigh ann.

## Caisleán na Gráinsí

Tá an Chomhairle i gcomhpháirtíocht le hÚFT, fós i mbun margaíochta ar Pháirc Gnó Chaisleán na Gráinsí agus á cur chun cinn mar láthair straitéiseach chun Infheistíocht Dhíreach Eachtrach ollmhór a mhealladh agus sa bhliain 2014 lean cuideachtaí idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ina gcliaint orthu ag léiriú spéise fós.

Leanadh ar aghaidh le méadú na Páirce nuair a cuireadh bailchríoch ar dhiúscairtí chuig cliaint i bPáirc Chaisleán na Gráinsí le haghaidh saoraidí TFC agus bithchógaisíochta agus leanadh ar aghaidh ag tógáil na bhforbairtí gaolmhara, atá le hoscailt in 2015-2016.

Leanadh d'fhorbairt na n-acmhainní bonneagair in 2014 nuair a osclaíodh carrbhealach lárnach nua i bPáirc Gnó Chaisleán na Gráinsí agus nuair a cuireadh leis an toilleadh leictreach nuair a rinneadh oibreacha duchtála don uasghrádú 110 Kv a bheartaítear a dhéanamh i bPáirc Gnó Chaisleán na Gráinsí.

Tosaíodh ar an athbhreithniú ar na hábhair mhargaíochta go léir don Pháirc Gnó agus críochnófar é in 2015.

- Cuireadh bailchríoch ar an diúscairt 2.94 heicteár (7.26 acra) i bPáirc Gnó Chaisleán na Gráinsí chuig Microsoft Ireland Operations Limited.
- Diúscraíodh 11 Heicteár i bPáirc Gnó Chaisleán na Gráinsí chuig Grifols Worldwide Operations Limited.
- Tá sé beartaithe 5.02 acra i bPáirc Gnó Chaisleán na Gráinsí a dhiúscairt chuig Interxion Ireland Limited.
- Thosaigh Microsoft Ireland Operations Limited ar an obair thógála ar Ionad Sonraí 35,000 méadar cr i bPáirc Gnó Chaisleán na Gráinsí.

# Seirbhísí Leabharlainne

## Tacaíocht don Ghnó agus don Gheilleagar

Tacaíonn Leabharlanna Átha Cliath Theas le Forbairt Gnó, Cruthaitheachta, Nuálaíochta, Fiontraíochta, agus Scileanna Fostaíochta. Bhí Leabharlanna Chontae Átha Cliath Theas rannpháirteach sa chlár bliantúil, Fócas ar Ghnó, a bhí ar siúl i mí Feabhra 2014 chomh maith le bheith rannpháirteach san fheachtas seachtaine de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann "Leabharlanna: Oscailte don Ghnó". Bhí cainteanna eolais agus saor in aisce ar siúl sa Leabharlann Contae agus i Leabharlann Bhaile Uí Ruáin agus áirítear orthu sin an seimineár praiticiúil a bhí eagraithe ag an Oifig Fiontair Áitiúil ***ar Ghnó Nua a Thosú agus a Scálú agus ar Thacaí Stáit do aGhnóthais Nua agus Reatha***, Eagraíodh ceardlann i Leabharlann Leamhcáin a bhain leis ***Sna Meáin Shóisialta agus Margaíocht ar Líne***.

Lean Leabharlanna Átha Cliath Theas orthu ag obair go dlúth le gníomhaireachtaí eile agus bhí acmhainní gnó, deiseanna don líonrú, seimineár agus cláir eile ar féidir leo forbairt tionscnamh sa gheilleagar áitiúil a chothú, ar tairiscint acu. Lean Leabharlanna Átha Cliath Theas orthu freisin dá dtacaíocht do chuardaitheoirí post agus iad ag lorg fostaíochta. Trí bheith ag comhoibriú agus i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí fostaíochta náisiúnta agus áitiúla beidh ceardlanna praiticiúla, cainteanna agus scaipeadh eolais ar na hábhair go léir a bhaineann le cuardach post ar siúl ag na seirbhísí leabharlainne don bhliain 2015. Acmhainn luachmhar sa réimse seo is ea suíomh gréasáin na seirbhísí leabharlainne *www.southdublinlibraries.ie* agus bíonn leathanach speisialta le haghaidh Gnó agus Poist air 24 uair an chloig.

## Cultúr, Nuálaíocht agus Cruthaitheacht

Bhí ár gceadúnas áitiúil ó TED faighte againn an cúigiú bliain as a chéile chun TEDxTallaght a chur ar siúl. Is imeacht neamhspleách atá ann a eagraítear go háitiúil agus a thugann cainteoirí cruthaitheacha le smaointe nuálacha le chéile le haghaidh oíche shiamsaíochta agus inspioráide agus ag a bpléitear na hábhair seo - Teicneolaíocht, Siamsaíocht agus Dearadh. Amharclann na Fiosrachta an teideal a bhí ar **TEDxTallaght** na bliana seo. Bhí deichniúr cainteoirí ar an ardán san Amharclann Chathartha i dTamhlacht a bhí lán go doras.

Áiríodh iad seo a leanas ar na topaicí a pléadh - feasacht ar an míchumas, fisic chandamach, nósanna itheacháin, spraíúlacht agus tuilleadh. Rinneadh comhghairdeas le Leabharlanna CCÁCT ar an oíche i dTúit a luaigh go raibh TEDxTallaght thar barr an oíche roimhe sin agus go raibh barr buaice bainte amach ag *@TEDx* in *Éirinn*




I mbliana arís, eagraíodh **Féile Leabhar na Líne Deirge** a bhíonn ag Leabharlanna Átha Cliath Theas. Bhí an clár lomlán le himeachtaí a d'fheil do gach aois. Bhí an Fhéile ar siúl ón 14ú go dtí an 19ú Deireadh Fómhair; bhí imeachtaí ar bun in ionaid éagsúla ar fud an Chontae agus thug os cionn 2,700 duine aghaidh uirthi. Níor fágadh aon áit folamh ar an gclár do na scoileanna ar ar fhreastail os cionn 1,000 leanbh. Bhí 42 imeacht ar chlár na bliana seo, lena n-áirítear 69 gcainteoir leithéidí na scríbhneoirí clúiteacha Donal Ryan, Mary O'Donnell, Paul Lynch, Christine Dwyer Hickey, Nuala Ní Chonchúir agus Catherine Dunne. Bhí an veidhleadóir aitheanta agus an file John Sheahan (ó na The Dubliners) inár dteannta agus thug an staraí Myles Dungan agus a fhoireann an Cogadh Mór chun cuimhne nuair a chuir siad scéalta, ceol agus amhráin a bhain leis i láthair san Amharclann Chathartha a bhí dubh le daoine.

Le linn na Féile fearadh fáilte rompu seo agus iad ar a gcéad chuairt ar Chontae Átha Cliath Theas - Xiaolu Guo, an scríbhneoir cáiliúil agus an déantóir scannán as an tSín, Alessandro Perissinotto an t-údar ficsin coireachta as an Iodáil a bhfuil gradaim bainte amach aige agus Tom Palmer as an RA a scríobhann leabhair do leanaí. Ghlac os cionn 140 duine páirt i gComórtas Filíochta na Líne Deirge agus bhí 249 n-iontráil ann.

## Oidhreacht agus Staidéar Áitiúil

Ba dheis í 2014 ag Leabharlanna Átha Cliath Theas leanúint ar aghaidh le tionscadal Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Bhí **an Chomhdháil do Sheó Bóthair an Chogaidh Mhóir,** a eagraíodh le comhoibriú an Oifigigh Oidhreachta, ar siúl sa Leabharlann Contae, Tamhlacht i mí Mheán Fómhair. Chuir an cuntas ó Myles Dungan ar an mbaint a bhí ag Éirinn leis an gCéad Chogadh Domhanda tús le lá mór léachtaí os comhair lucht éisteachta a líon an áit go doras. Ansin thug Ciarán Wallace ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath caint uaidh dar teideal 'Keeping the home fires burning' agus chuir sé síos ar an saol mar a bhí ag gnáthmhuintir na hÉireann i gcaitheamh an chogaidh. Labhair John O'Keeffe ina dhiaidh sin agus thug sé caint an-taitneamhach uaidh ar shíceapataigh sa Chogadh Mór. Ar deireadh labhair Turtle Bunbury agus Michael Whelan faoin mbaint a bhí leis an gCogadh níos gaire do bhaile, an t-aeradróm traenála a bhí ag an RAF i dTamhlacht agus fir as an áit a chuaigh amach sa chogadh, lena n-áirítear Muintir Fhionnlaoich as Teach Chorcaí.

Nuachtán ba ea "Irish Life" a bhíodh á fhoilsiú i mBaile Átha Cliath i mblianta tosaigh an 20ú Céad. Nuair a bhris an Chéad Chogadh Mór amach, foilsíodh forlíonadh dar teideal "Our Heroes" sa nuachtán. Bhí 1,600 ní san fhorlíonadh idir ghrianghraif agus nótaí beathaisnéise a bhain le hoifigigh i reisimintí Éireannacha agus le hoifigigh Éireannacha i reisimintí Sasanacha agus a bhí tar éis titim ar pháirc an áir, nó a ndearnadh tagairt dóibh as iompar dearscna idir 1914 agus 1918.

Rinne an tAonad Staidéir Áitiúil atá againn an acmhainn staire luachmhar seo a dhigitiú i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta; chuir siad an téacs i bhfoirm inchuardaithe agus ar fáil don phobal den chéad uair i bhfoirm bunachar sonraí. Baineann tábhacht go náisiúnta leis an mbunachar sonraí **Our Heroes** *http://ourheroes.southdublinlibraries.ie* agus tá sé molta go hard ag cumainn staire go leor, ag leabharlanna agus ag sliocht na bhfear atá luaite ann. Tugtar sonraí faoina ndátaí báis agus faoina n-áit adhlactha nó chomórtha, sonraí nár tugadh sa bhunsaothar.

In 2014, cuireadh isteach an dara cuid dár n-acmhainn **Riots, Rifles and Rebels** a bhfuil sé d'aidhm léi tacú leis an gcuraclam staire. Foilsíodh ***The Great War 1914-1918*** agus scaipeadh é ar na scoileanna in Áth Cliath Theas. Ceapadh an tsraith seo chun imeachtaí suntasacha a tharla sa tréimhse idir 1913 agus 1923 i stair na hÉireann a choinneáil i gcuimhne. Ina theannta sin, bhí ceardlanna a bhí bunaithe ar an gCogadh Mór ar siúl i dtrí leabharlann mar ábhar breise le cur leis an bpacáiste.



## Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga

Lean Leabharlanna Átha Cliath Theas ar aghaidh ag cur raon seirbhísí agus tacaí ar fáil do leanaí.

In 2014, ba **740** líon na **gcuairteanna ranga** a thug na scoileanna áitiúla ar ár leabharlanna, idir chuairteanna foirmiúla agus chuairteanna neamhfhoirmiúla.

Áirítear an méid seo a leanas leis an tacaíocht dhíreach a tugadh d'earnáil an oideachais - comhairle agus cabhair chun leabharlann scoile a bhunú agus a bhainistiú, comhairle agus taispeántais do mhúinteoirí agus do leanaí faoi na hacmhainní ar líne atá ar *www.southdublinlibraries.ie*, ranganna astu féin a chlárú nó an scoil go léir a chlárú mar aon le ceardlanna agus láithreoireachtaí ar an léitheoireacht leis na leanaí. D'fhás líon na g**Clubanna don Léitheoireacht Cois** Leapa agus líon Bhailiúchán na **Leabhar Léitheoireachta** Ranga agus is seirbhís fhiúntach agus fhóinteach í dar leis na múinteoirí agus na scoileanna a bhaineann leas aisti. In 2014, cuireadh isteach an dara cuid dár n-acmhainn **Riots, Rifles and Rebels** a bhfuil sé d'aidhm léi tacú leis an gcuraclam staire. Ghlac os cionn 60 foireann as 36 iarbhunscoil sa Chontae páirt sa **Tráth na gCeist** bliantúil do na Scoileanna.

Cuireann Leabharlanna Átha Cliath Theas clár mór imeachtaí ar siúl do leanaí agus do dhéagóirí. I mbliana bhí líon áirithe imeachtaí a bhain le **Totally Teen** ar siúl i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna ag a raibh údair agus maisitheoirí leabhar i láthair chun labhairt lenár ndaltaí dara leibhéal. Bíonn na ranganna sa scríbhneoireacht chruthaitheach agus clubanna leabhar do dhéagóirí ar siúl i gcónaí sa líonra brainsí atá againn. Bhí imeacht speisialta, **Weathering the Future**, ar bun san Amharclann Chathartha nuair a bhí Féile Leabhar na Líne Deirge ann. An t-athrú aeráide i leabhair do dhéagóirí a bhí i gceist agus é faoi chaibidil ag painéal údar. Bhí 25 n-imeacht ann i mí an Mheithimh, idir chuairteanna ó údair agus imeachtaí mar chuid den mhionfhéile leabhar, **An Tallann Mhearaí**. Leabhair agus léitheoireacht bun agus barr na féile seo. Thug **LiBEARY, an Fanacht thar Oíche,** an fhéile chun críche agus ní bréag a rá gur mhór an spórt an chuid seo den fhéile. D'fhan na céadta teidithe thar oíche



sna leabharlanna in Áth Cliath Theas i mí an Mheithimh mar go raibh muid ag ceiliúradh na mblianta ó tháinig We're going on a Bear Hunt, ceann de na leabhair is fearr linn, amach. Seoladh íomhánna de na béiríní le tvuít sa tráthnóna agus fuair gach leanbh grianghraf dá bhéirín féin agus é ag spraoi sa leabharlann tar éis titim na hoíche. Bhí na grianghraif acu le tabhairt leo lá arna mhárach.

Tá an **Seabhrán Léitheoireachta Samhraidh** bunaithe go maith anois agus is mór an chabhair don litearthacht é. Is beach an marc aitheantais agus an lógó atá leis agus stampáladh a híomhá ar bhreis is 1000 de chártaí ballraíochta na rannpháirtithe an samhradh seo. Tá *@summerbuzz*, cuntas dá cuid féin, ar twitter ag an mbeach, agus bíonn sí i dteagmháil go rialta anois le cuntais twitter atá ag scoileanna ar fud fad na hÉireann.

Ba Imagine That! an téama a bhí leis **an bhFéile Leabhar do Leanaí** i Leabharlanna Átha Cliath Theas. Clár iontach ba ea é. Bhí 40 imeacht ann inar chuir údair, maisitheoirí leabhar, filí agus drumadóirí aoibhneas ar leanaí bunscoile as gach cearn den Chontae.

Bhí **an Fhéile Eolaíochta** ann i mí na Samhna - 18 lá spraíúla caite le mionturgnaimh agus fiosruithe eolaíochta, bhí 26 imeacht ann agus d'fhreastail os cionn 1000 leanbh uirthi.

## Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide

In 2014, bronnadh an conradh chun Córas Náisiúnta Leabharlainne a sholáthar ar Innovative Interfaces Inc. Tá a gcion féin á ndéanamh ag Leabharlanna Átha Cliath Theas maidir leis an gcéad chéim den chóras bainistíochta leabharlainne nua a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairlí Contae Fhine Gall, Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin, Chill Dara agus Loch Garman. Ceaptar go dtabharfar isteach an córas i leabharlanna i rith 2015.

Is féidir teacht ar Chartlann na Nuachtán Éireannach i ngach leabharlann anois.

Is í Cartlann na Nuachtán Éireannach an Chartlann Dhigiteach de nuachtáin Éireannacha is mó ar domhan; tá 40 teideal inti ó gach cearn den tír agus na milliúin alt nuachtán a chlúdaíonn 300 bliain de stair na hÉireann.

## Gradaim Feabhais

Tugadh aitheantas oifigiúil arís i mbliana don tiomantas atá ag Leabharlanna Átha Cliath Theas agus na hEalaíona na seirbhísí agus na cláir is fearr a chur ar fáil don phobal nuair a bronnadh gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta orthu.

Bronnadh Gradam Irish Concrete Society 2014 ar an leabharlann úrscothach, **Leabharlann Bhaile Uí Ruáin**. Tá an leabharlann freisin ar liosta na leabharlann is nuálaí ar domhan, leabharlann a bhfuil seirbhísí an 21ú céad á dtairiscint aici do dhaoine de gach aois.

Cuireadh an **Clár Samhraidh do Leanaí**, arbh iad na Seirbhísí Leanaí de chuid Leabharlanna Átha Cliath Theas a chur tús leis agus a ritheadh i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le húdaráis áitiúla eile, ar an liosta le haghaidh Ghradam na bliana seo um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil as **Féile Leabhar na Líne Deirge.**

Ainmníodh ár **mBlag Staidéir Áitiúil** le haghaidh an Ghradaim Blag na hÉireann 2014 a thugann aitheantas don bhlagáil Éireannach is fearr.

Roghnaigh The Carnegie UK Trust an leabharlann i gCluain Dolcáin lena cistiú dá tionscadal **Caifé Scríbhneoirí Istoíche na Leabharlainne**.

| Na Príomhstaitisticí Leabharlainne | |
|---|---|
| Eisiúintí | 1,322,877 |
| Seisiúin Wi-Fi | 42,120 |
| Imeachtaí | 4,930 |
| Lucht leanúna ar Facebook | 7,400 |
| Lucht leanúna ar Twitter | 5,050 |

| Leabharlanna 2014<br>Cuairteanna Leabharlainne | |
|---|---|
| An líon iomlán cuairteanna ar na leabharlanna: | 1,212,700 |
| Costas fheidhmiú na Seirbhíse Leabharlainne in aghaidh an | 34,162.72 |
| **Rochtain ar an Idirlíon** | |
| An líon iomlán seisiún idirlín a soláthraíodh: | 243,984 |



## An Oifig Ealaíon

**Na Daoine a bhaineann linn:**

- Cuairteoirí san Amharclann Chathartha 18,631
- Cuairteoirí in Ionad Rua Red 190,000
- Bhí de dheis ag 1100 ógánach idir leanaí agus dhaoine óga páirt a ghlacadh ar chostas íseal i ngníomhaíochtaí ceoil trí Music Generation Átha Cliath Theas agus faoi na cláir oideachais cheoil de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas
- D'fhoghlaim 43 ógánach conas scannáin a dhéanamh faoin gclár Scannánóirí Óga Thamhlachta
- Ghlac os cionn 500 duine páirt i ranganna an Damhsóra Chónaithe Ríonach Ní Néill
- Thug Contact Studio deis do bhreis is 40 ógánach teacht a bheith acu ar áiseanna taifeadta ardchaighdeáin agus ar chláir threoraithe in Animakers, Suburban Sounds, agus The Big Picture TV i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí áitiúla
- Bronnadh 20 deontas faoi Scéim Riartha na nDeontas Ealaíon do Ghrúpaí Amaitéaracha, Deonacha agus Pobail
- In 2014, bronnadh 7 gcinn ar leith de Dhuais-sparánachtaí Ealaíontóirí ar ealaíontóirí chun go bhféadfaidís a bheith ag gabháil do thionscadal áirithe nó chun go bhféadfaidís cur lena gceird sna healaíona
- Bronnadh 3 cinn de Dhuaiseanna Cuimhneacháin Annette Halpin i gcomhair Ceoltóirí Óga chun tacú le oideachas ceoil, forbairt agus seinm
- Féilte agus imeachtaí:
  - NOISE Flicks, Féile Scannán na nÓg ar ar fhreastail 150 ógánach
  - NOISE MOVES, Féile Rince na nÓg ar ar fhreastail 384 ógánach
  - Ruaille Buaille, Féile Cheoil Leanaí Leamhcáin, ceardlann, seinm agus ceolchoirm ar ar fhreastail 6000 leanbh
  - Celebration - éagsúlacht chultúrtha trí na healaíona, bhí os cionn 130 taibheoir ar an stáitse san Amharclann Chathartha mar a raibh 290 duine de lucht féachana
  - D'fhreastail os cionn 900 duine ar an bhFéile Gheimhridh, UNWRAPPED
  - Tacaíodh le himeacht le linn Fhéile na Bealtaine inar ghlac 60 duine páirt
  - An Lá, Lig do Chroí leis an gCeol Beo, ar ar ghlac 60 duine páirt
  - An Oíche Chultúir: bhí ionaid chultúir oscailte taobh amuigh de na gnáthuaireanta oscailte agus bhuail os cionn 900 duine isteach iontu
  - An Taispeántas, Campas Cruthaitheach, bhí baint ag 660 duine leis an gclár agus leis an taispeántas
  - Media Makers, d'fhreastail 40 duine ar na scannáin
  - Suburban Sounds, d'fhreastail 150 duine ar an gceolchoirm
  - Scannánóirí Óga Thamhlachta, d'fhreastail 150 duine ar na scannáin
  - Music Generation Átha Cliath Theas, d'fhreastail 400 duine ar na taibhithe
  - Taibhiú Ceoil: Amú agus Cótaí Dearga, a gcéad taibhiú acu san Amharclann Chathartha, Tamhlacht. D'fhreastail 280 duine air
  - Seimineár: Moving Conversations: Collaborative Dance in Focus, d'fhreastail 40 duine air
  - Cainteanna: NOISE, Gairmeacha Cruthaitheacha, d'fhreastail 45 dhuine ar 3 chaint ar ghairmeacha

**Tuairisc ó Frank Nevin, An Stiúrthóir ar Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireachta**



# Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar



# Bóithre

- Ba €27.09 milliún an caiteachas ioncaim faoi Rannán B- Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre agus ba €6.33 milliún an t-ioncam
- Rinneadh foráil sa bhuiséad do na costais ó lá go lá a bhaineann le soilsiú poiblí, soilse tráchta, bóithre agus cosáin a chothabháil, cothabháil don gheimhreadh, seirbhís na maor scoile agus bearta sábháilteachta ar chostas íseal a sholáthar

## Tógáil agus Dearadh Bóithre

### Crois An Fhearainn Nua

Cuireadh tús sa Bhealtaine 2013 leis an scéim chun uasghrádú a dhéanamh ar Acomhal an N7/Chrois An Fhearainn Nua agus mór-acomhal ilairde a chur ina ionad lena mbaineann an méid seo a leanas

- Acomhal ilairde a leagan síos ag Crois an Fhearainn Nua
- Acomhal rochtana nua faoi rialú soilse tráchta a leagan síos ar Bhóthar Belgard
- Cearta slí atá ann a mhúchadh
- Fo-oibreacha gaolmhara

Cuid de chonradh cuachta faoi Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí a ndearna an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (ÚBN) an idirbheartaíocht ina leith atá sa scéim tógála agus áirítear Seachbhóthar Ráth Naoi i gContae Chill Mhantáin léi freisin. Is í Comhairle Contae Chill Dara atá ag bainistiú an tionscadail thar ceann an ÚBN.



Ligeadh an trácht isteach ar an uasbhealach nua ag Crois An Fhearainn Nua maidin Déardaoin, 20ú Samhain 2014 agus táthar ag súil leis go mbeidh an chuid de na hoibreacha atá le críochnú fós críochnaithe faoi mhí an Aibreáin 2015. Go dáta ó tharla an t-uasbhealach a bheith ann tá am na dturas tráchta ar an N7 giorraithe faoi 20 nóiméad ar an meán.

### Scéim Feabhsúcháin Bhóthar an Nangair (R134)

Bearta feabhsúcháin bóthair atá i gceist léi seo, a bheidh ar siúl feadh timpeall is 1.7km siar ón timpeallán ag Profile Park / Cill Chairbre chomh fada le hacomhal nua le Bóthar Bhaile Adaim (R120), agus lena n-áirítear timpeall is 0.33km d'oibreacha feabhsúcháin bóthair ar Bhóthar Bhaile Dhónaill ó dheas go dtí Acomhal Bhóthar an Aighlmearaigh.

**An Staid mar atá faoi láthair:** Braitheann an dul chun cinn go dtí céim an dearaidh mhionsonraithe agus na tógála den scéim seo ar chistiú a bheith curtha ar fáil.

### Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Bhaile Adaim (R120)

Bearta feabhsúcháin bóthair atá i gceist chun fad a chur leis an mbóthar ó dheas ó Dhroichead an Iarnróid i mBaile Adaim ar feadh tuairim is 1.2 km le bualadh leis an acomhal nua le Bóthar an Nangair mar atá beartaithe.

**An Staid mar atá faoi láthair:** Braitheann an dul chun cinn go céim an OCE, an dearaidh mhionsonraithe agus na tógála den scéim seo ar chistiú a bheith curtha ar fáil.

## Scéimeanna de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair 2014

Cuireadh cistiú deontais ar fáil in 2014 faoi Chreatchlár Infheistíochta Cúig Bliana um Bearta Iompair Inbhuanaithe an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI) do thionscadail in Áth Cliath Theas MAR A LEANAS :

- Chuathas ar aghaidh go dtí an chéim dheiridh den dearadh faoi Chéim II de Thionscadal Bhóthar Shruthán Liam agus tosaíodh ar na hoibreacha tógála in 2014
- Críochnaíodh an tuarascáil ar na roghanna a bhain le scéim feabhsúcháin agus rochtana an N4 agus tosaíodh ar Chéim I de Scéim Bhealach Rothaíochta Bhaile Phámar
- Críochnaíodh na staidéir ar Shráidbhaile Chluain Dolcáin agus ar Shráidbhaile Leamhcáin agus tá tograí á scrúdú ar mhaithe le scéimeanna feiliúnacha a cheapadh
- Críochnaíodh Céim a Dó de Bhóthar na Mainistreach in 2014
- Tógadh agus osclaíodh an bóthar go Páirc Thigh Motháin agus an Láthair Náisiúnta Chispheile do thrácht ar an 23ú Deireadh Fómhair, 2014
- Ligeadh Céim I den dearadh le haghaidh an bhóthair ó Thamhlacht go dtí an M50 ar aghaidh go céim na tairisceana
- Ceadaíodh Cuid 8 le haghaidh an N81 ó Iarthar na Cathrach go Baile Uí Fhoirtcheirn. Táthar ag feitheamh ar chistiú
- Deonaíodh cead do Scéim Rothaíochta an ÚNI ó Thamhlacht go Gleann na Life agus chuaigh an scéim ar aghaidh go céim an dhearaidh deiridh

## Cothabháil Bóithre

- Rinneadh 70 Scéim Bóthair san iomlán mar chuid de chlár 2014
- Bhí trí cinn déag de Scéimeanna Deontais Feabhsúcháin Athchóirithe san áireamh freisin
- Ba € 3,558,650 an Caiteachas iomlán ar na Scéimeanna
- Leanadh ar aghaidh le clár na gcosán i gcaitheamh 2014 agus tabhaíodh €350,000 de chaiteachas ar oibreacha deisiúcháin agus feabhsúcháin a rinneadh ar 50 cosán sa Chontae
- Tugadh na céimeanna pleanála a bhain le Clár an Tionscnaimh Sráidbhailte chun críche agus chuathas i mbun na n-oibreacha tosaigh roimh dheireadh na bliana
- Tugadh an t-uasghrádú ar Léarscáiliú GIS na mbóithre go léir sa Chontae chun críche
- Leanadh den bhainistíocht agus den chosaint ar Éilimh Dliteanais Phoiblí i gcaitheamh na bliana

## Sábháilteacht ar Bhóithre

- Soláthraíodh seirbhísí maor scoile ag 93 phointe trasnaithe chuig scoileanna ar fud an Chontae
- Cuireadh 2,000 leanbh bunscoile faoi oiliúint i sábháilteacht rothar in 2014 mar chuid de ghníomhaíochtaí Sheachtain Náisiúnta na Rothar agus den chlár leanúnach tacaíochta do scoileanna maidir léi seo
- I gcomhar leis An Taisce, leanadh de na hiniúchtaí ar scoileanna maidir lena indéanta is a bheadh sé siúl chun na scoile agus rinneadh dul chun cinn ar bhearta breise
- Rinneadh bearta breise ar mhaithe leis an tsábháilteacht ag scoileanna ar fud an Chontae
- Bearta Sábháilteachta ar Chostas Íseal: Críochnaíodh scéim feabhsúcháin ag acomhal Bhóthar Chnoc Lín / Ard Chnoc Uí Chuilinn faoi Scéim na mBeart Sábháilteachta ar Chostas Íseal

## Seachtain Náisiúnta na Rothar 2014



Tionscnamh seachtaine a bhíonn i Seachtain Náisiúnta na Rothar a bhíonn á chur chun cinn ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar chuid de Thionscnamh an Taistil Níos Cliste chun an rothaíocht a spreagadh agus a chur chun cinn i measc cách. Eagraíodh na himeachtaí le feiliúint do chách; daoine in aois na hoibre, teaghlaigh, leanaí scoile, daoine singile agus daoine ar spéis leo a n-oidhreacht áitiúil. Cuireadh leanaí sna bunscoileanna ar fud an Chontae go léir faoi oiliúint ó thaobh sábháilteachta de faoi mar a rinneadh sna blianta roimhe sin, agus as a dheireadh chuaigh na leanaí ag rothaíocht go dtí páirceanna gar dóibh.

## Seachtain na nInnealtóirí 2014




Clár seachtaine d'imeachtaí a bhíonn ag titim amach ar fud na tíre a bhíonn i Seachtain na nInnealtóirí agus é d'aidhm leis aird a tharraingt ar shaol na hinnealtóireachta in Éirinn. Is éard a bhíonn i gceist leis an tseachtain meon dearfach agus suim a mhúscailt i ngairm na hinnealtóireachta i measc daoine is cuma a n-aois agus bíodh cúlra innealtóireachta acu nó ná bíodh. Tá imeachtaí agus ceardlanna á stiúradh ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas do leanaí scoile áitiúla ó 2009 i leith, rud a fhágann gurb í seo an séú bliain dúinn ar an bhfód. D'fhreastalaíomar ar 200 dalta in 2009. Chuaigh na huimhreacha i líonmhaire ó bhliain go bliain agus d'fhreastalaíomar ar os cionn 1600 dalta as scoileanna ar fud an Chontae in 2014.

## Cláir/Oibreacha Tráchta agus Iompair sa Bhreis

- Seoladh an Chlib Pháirceála, íoc as do pháirceál leis an bhfón póca, i mí Lúnasa 2013 i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath. Is i líonmhaire atá an líon daoine a úsáideann an Chlib Pháirceála ag dul agus is 400 idirbheart den Chlib Pháirceála sa tseachtain an meánfhigiúr anois do CCÁCT
- Cuireadh cinneadh an CBS don Iompar arna ghlacadh ag an gComhairle maidir le 30 nóiméad saorpháirceála a sholáthar ar fud an Chontae i ngníomh san Aibreán 2014
- Tugadh tionscadal Chórais Iompair Chliste RITS NET AE chun críche in 2014 agus bhí spriocanna uile an chláir bainte amach. Is buntáiste é a bheith fós i dteagmháil leis na 8 dtír is comhpháirtithe ar mhaithe leis an gcomhoibriú leanúnach
- Scéimeanna na mBeart Sábháilteachta ar Chostas Íseal - rinneadh an t-ath-ailíniú ar Bhóthar Chill Chuillinn

## Gníomhaíochtaí i ndáil le Forbairt an Bheartais Sheachtraigh

- An Grúpa Oibre ar Oibreacha Bóthair agus ar Cheadúnú - lean Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar aghaidh ag obair mar chomhordaitheoir tionscadail do ghrúpa oibre a bhí bunaithe ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe beartais a bhainfeadh le haon bhacainní a chuirfeadh isteach ar bhonneagar teileachumarsáide a bheith á leagan ag gníomhaireachtaí faoina sainchúram. Tá an méid seo á bhreithniú ag an ngrúpa oibre:-
- Próiseáil thráthúil agus chaighdeánaithe ar iarratais ar cheadanna le haghaidh bonneagar teileachumarsáide
- Iarratais ar cheadanna le haghaidh bonneagar sráide amhail caibinéid sráide
- Bonneagar teileachumarsáide a shuiteáil faoi thalamh;
- Tá dul chun cinn mór déanta maidir le córas iarratas caighdeánaithe ar líne a thabhairt isteach le haghaidh na gceadúnas ábhartha

# Pleanáil

## Bainistíocht Forbartha

### Iarratais Pleanála

- Fuair an Chomhairle 597 n-iarratas bailí ar chead pleanála le linn 2014. B'ionann sin agus ardú 3.5% ar 2013
- Rinneadh cúig chéad seachtó is seacht gcinneadh maidir le hiarratais pleanála in 2014, bhain 521 chinneadh le cead a dheonú agus bhain 56 chinneadh le diúltú
- Iarradh Eolas Breise in 112 chás
- In 2014, fógraíodh ceithre iarratas a bheith ina n-iarratais a bhí tarraingthe siar
- In 2014, tarraingíodh siar dhá iarratas
- Fuarthas 6 iarratas neamhbhailí in 2014 agus measadh gurbh iarratais neamhbhailí 10 n-iarratas eile mar nach raibh an Fógra Láithreach de réir na gceanglas rialála
- Fuarthas céad fiche is ocht n-iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán in 2014

### Forfheidhmiú

- Osclaíodh 168 gcomhad forfheidhmithe nua in 2014
- Eisíodh Litreacha Rabhaidh maidir le 155 chás
- Seirbheáladh Fógraí Forfheidhmithe maidir le 67 gcás
- Tionscnaíodh imeachtaí sa Chúirt Dúiche maidir le 6 chás
- In 2014, tionscnaíodh imeachtaí sa Chúirt Chuarda maidir le cás amháin
- Réitíodh seacht gcás tar éis imeachtaí na Cúirte Dúiche a bheith eisithe
- Réitíodh ochtó is sé chás gan é a bheith riachtanach iarratas a dhéanamh chun na gCúirteanna



## Oidhreacht

Leanadh den dul chun cinn ar na tionscadail seo a leanas a raibh gach ceann díobh liostaithe i bPlean Oidhreachta Contae Átha Cliath Theas nó a bhí aitheanta mar chuspóirí i bPlean Forbartha Contae Átha Cliath Theas 2010-2016.

- **Suirbhé maidir le Rochtain ar ghnéithe Seandálaíochta CCÁCT:** rinneadh suirbhé inrochtaine ar na gnéithe seandálaíochta go léir atá le feiceáil sa Chontae agus i Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus fuarthas amach go bhfuil áiteanna go leor ann is díol mór suntais ó thaobh na seandálaíochta de i dtaca le tionscadail turasóireachta oidhreachta amach anseo
- **Cigireachtaí ar Chlub Thine Ifrinn:** rinneadh suirbhé geoifisiceach, measúnú seandálaíochta deisce ar an láthair ar mhullach Chnoc Montpelier agus scrúdú ó thaobh na staire de ar a mbíodh ar bun ag an gclub míchlúiteach, Club Thine Ifrinn, sa 18ú Céad
- **An Tionscadal, Seandálaíocht Chontae Bhaile Átha Cliath a chur ar CFG:** comhthionscadal idir na hOifigigh Oidhreachta i mBaile Átha Cliath chun gach ceann de na ceadúnais tochailte agus na tuarascálacha seandálaíochta a bhain le Contae Bhaile Átha Cliath a chur in ord agus a léarscáiliú ar an CFG. Is é seo an chéad bhunachar sonraí agus uirlis léarscáilithe dá leithéid sa tír, agus dá bharr féadfar teacht go héasca ar na taifid agus na tuarascálacha ceadúnaithe seandálaíochta go léir
- **Measúnú Caomhantais ar Chora Theach na Giúise:** rinneadh measúnú ar an mbail atá ar Chora Theach na Giúise agus ar na comhlaí atá uirthi agus réitíodh tuarascáil mhionsonraithe ar a stair mar chuid den phróiseas ullmhúcháin le haghaidh Pháirc Oidhreachta Chora Theach na Giúise

- **Iniúchadh Geolaíoch ar an gContae:** rinneadh iniúchadh ar an acmhainn oidhreachta atá le geolaíocht an Chontae agus dá bharr aithníodh 9 láithreán a bhfuil Tábhacht Gheolaíoch leo don Chontae. Féadfar an t-eolas seo a úsáid nuair a bheidh ár n-oidhreacht gheolaíoch á cur chun cinn i dtionscadail turasóireachta oidhreachta
- **Tionscadal scóipe le haghaidh LCAanna sa bhreis a ainmniú:** rinneadh cleachtadh scóipe ailtireachta faoin bPlean Oidhreachta chun fáil amach an bhfuil limistéir eile sa Chontae a bheadh i dteideal a n-ainmnithe mar Limistéir Chaomhantais Ailtireachta
- **Staidéar Féidearthachta ar Mhúsaem don Oidhreacht Eitlíochta:** críochnaíodh an staidéar féidearthachta seo a bhí cistithe ag LEADER agus tá na torthaí á meas faoi láthair i gcomhar leis an Aerchór agus leis an Roinn Cosanta
- **Cosán Oidhreachta don Slád:** críochnaíodh an staidéar féidearthachta seo a bhí cistithe ag LEADER agus tá dul chun cinn á dhéanamh faoi na roghanna bealaí
- **Clár comórtha an Chogaidh Mhóir:** Bhí seimineár lae sa Leabharlann Contae agus bhí tráthnóna ceoil/córchantain san Amharclann Chathartha, agus taispeántas i bPáirc Chorcaí
- **Gníomhaíochtaí bainteach leis an mBithéagsúlacht:** Siúlóidí i bPáirc Bhaile Uaitéir, Páirc Chluain Dolcáin, Páirc Ghleann an Ghrífín, Páirc Ghort na Silíní ar lorg ialtóg agus fásra luibheolaíoch; suirbhé allamuigh ar fhéileacáin agus ar bhumbóga agus suirbhéanna monatóireachta feadh na Dothra; an mhonatóireacht bhliantúil ar láithreacha sa Chontae ina bhfuil Plandaí agus Gnáthóga Neamhchoitianta; baill foirne de chuid na Comhairle curtha faoi oiliúint faoi theicnící suirbhéireachta ialtóg; cur i láthair PowerPoint déanta ag Cruinniú de Ghrúpa na mBailte Slachtmhara agus teagmháil déanta le Grúpaí na mBailte Slachtmhara i gCluain Dolcáin, Gleann an Ghrífín, Ráth Fearnáin, agus Teach na Giúise maidir le pleananna bithéagsúlachta agus saincheisteanna eile; teagmháil déanta leis an Rannán Páirceanna maidir le raon saincheisteanna bainteach le cothabháil agus slachtú i bPáirceanna na Comhairle; imeachtaí oidhreachta Fhéile Bhaile Phámar - stair, cultúr agus fiadhúlra faoi chaibidil le linn na dturas a rinneadh ag raftú ar an Life

## Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath (CSBÁC)

Lean CSBÁC ar aghaidh ag cur na gcuspóirí straitéiseacha agus na bpleananna gníomhaíochta atá leagtha amach i bPlean Forbartha Straitéiseach Shléibhte Bhaile Átha Cliath don Chaitheamh Aimsire faoin Aer 2007-2016, i ngníomh. Tá na beartais agus na cuspóirí atá leagtha amach i bpleananna na gcomhpháirtithe reachtúla agus neamhreachtúla ábhartha á mbaint amach tríd an bplean seo fós.

Lean CSBÁC uirthi in 2014 ag neartú obair na comhpháirtíochta.

Ba iad seo a leanas na spriocanna don bhliain 2014:

- Tuilleadh eolais a chur le chéile faoi na Sléibhte agus, tríd is tríd, an bealach suas orthu a fheabhsú
- Cothabháil Rianta agus Bonneagair
- Oibreacha ar an Rian Rothaíochta Sléibhe nua i dTigh an Chnoic
- Feabhsúcháin ar Shlí Shléibhte Bhaile Átha Cliath (SSBÁC) agus ar na slite eile
- Leanadh den Obair Dheonach agus de Rannpháirtíocht an Phobail i gcaitheamh 2014. Bhí na maoirseoirí deonacha i gceannas ar 36 shiúlóid threoraithe ar feadh na bliana - bíonn an-tóir orthu seo agus bíonn an iomarca daoine sna grúpaí go rialta
- D'éirigh go seoigh arís leis an gcúigiú Lá Spraoi do Theaghlaigh
- Áiríodh an fhéidearthacht seandálaíochta a d'fhéadfadh a bheith le Sléibhte Bhaile Átha Cliath leis na Tionscnaimh Oideachais in 2014
- Osclaíodh slí sreangán Zipit, a ngabhann preabadh croí agus cuisle léi, i bhforaois shárálainn péine Choill Thigh Bródáin i lár na bliana 2013. D'éirigh

thar barr léi agus ní raibh súil ar bith lena raibh de thóir uirthi in 2014

## Caomhantas Ailtireachta

Tá 544 fhoirgneamh chosanta sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta atá ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas; is in úinéireacht údaráis phoiblí atá 105 fhoirgneamh díobh sin.

Tá 5 cinn de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta ainmnithe i gContae Átha Cliath Theas, Sráidbhaile Thamhlachta, Sráidbhaile Ráth Fearnáin/Limistéar Shruthán na Sailí, Sráidbhaile Leamhcáin, Sráidbhaile Chluain Dolcáin agus Coimpléacs Muilte Bhaile Phámar. D'éirigh thar barr leis an ainmniú ó thaobh chaomhnú, chosaint agus fheabhsú na limistéar sin a measann Comhairle Contae Átha Cliath Theas iad a bheith ar ardchaighdeán ó thaobh mianach agus tréithe ailtireachta de.

I ndeireadh 2013, sheol an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ciste nua €5 mhilliún - ***Scéim Giarála Post san Oidhreacht Thógtha 2014*** - chun Déanmhais Chosanta a dheisiú agus a chaomhnú.

- Leithdháileadh €123,000 ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas faoin scéim deontais seo agus fuarthas 17 n-iarratas ar dheontas agus chuir CCÁCT faoi bhráid REOG iad agus leithdháileadh cistiú ar gach ceann díobh
- Bronnadh cistiú ar 12 iarratasóirí chun oibreacha caomhantais a dhéanamh ar a dtithe/déanmhais
- Fuarthas cistiú deontais le haghaidh 2 Dhéanmhas Chosanta leis an gComhairle, is iad sin Cora Theach na Giúise, Tamhlacht agus an Áirse ar Bhóthar Pháirc na Dothra i Ráth Fearnáin rud a d'fhág go bhféadfaí na deisiúcháin ba ghá chun caoi a chur orthu a chríochnú

Rinneadh oibreacha deisiúcháin agus sábháilteachta ar Iostáin Radharc an Mhuilinn faoin mBuiséad Caomhantais ionas go mbeadh cosaint ag na déanmhais in aghaidh uisce a bheith ag dul isteach iontu.

D'eagraigh Oifigeach Caomhantais Ailtireachta na Comhairle ceardlann aon lae i mí na Samhna 2014 ar Dheisiú Ballaí Cloiche agus ar úsáid an mhoirtéil aoil. D'fhreastail baill foirne na Comhairle a bhíonn ag gabháil don chlochadóireacht ar an gcúrsa. Thug an cúrsa léargas ar na seanscileanna tógála, ar úsáid na n-ábhar traidisiúnta, agus ar an deisiú.

D'fhostaigh an tOifigeach Caomhantais Ailtireachta comhairleoirí caomhantais, mar chuid den athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae chun go ndéanfaidís athbhreithniú ar Thaifead na nDéanmhas Cosanta, lenar áiríodh déanmhais eile a d'fhéadfaí a chur san áireamh ann agus chun limistéir eile a mheasúnú i dtaca lena n-ainmniú go foirmiúil mar Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCA).



| **Pleanáil 2014** | |
|---|---|
| An líon cinntí pleanála de chuid an údaráis áitiúil a bhí faoi réir achomhairc chuig an mBord Pleanála | 47 |
| An líon cinntí a dheimhnigh an cinneadh a bhí déanta ag an údarás áitiúil | 35 |
| **Forfheidhmiú Pleanála** | |
| An líon iomlán cásanna a dúnadh in 2014 | 172 |
| An líon iomlán cásanna a caitheadh amach | 0 |
| An líon cásanna réitithe trí idirbheartaíocht | 86 |
| An líon cásanna a dúnadh de bharr imeachtaí forfheidhmithe | 86 |
| An líon iomlán cásanna pleanála a bhí faoi imscrúdú mar ag an 31 Nollaig 2014 | 324 |
| **Foirgnimh Nua ar a ndearnadh cigireacht** | |
| An líon iomlán foirgneamh nua faoinar cuireadh fógra chuig an údarás áitiúil | 755 |
| An líon iomlán foirgneamh nua faoinar cuireadh fógra chuig an údarás áitiúil agus ar a ndearnadh cigireacht | 87 |

**Tuairisc ó Eddie Taaffe, An Stiúrthóir Talamhúsáide, Pleanála agus Iompair**


279
338
384
475
289
337
778
701
431
267
1036
310
630
384
447
1032
931
572
355
355
358

# Airgeadas

## An Ráiteas Airgeadais Bliantúil

Cuireadh Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2014 faoi bhráid na gComhaltaí ag cruinniú mhí an Aibreáin 2015 na Comhairle. Bhreithnigh agus thug na comhaltaí an tuairim iniúchóireachta agus an tuarascáil maidir le Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2013 dá n-aire ag cruinniú mhí na Samhna 2013 na Comhairle.

## An Buiséad Bliantúil

Ullmhaíodh an Buiséad Bliantúil do 2015 de réir cheanglais an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú), agus na Rialachán Rialtais Áitiúil (Nósanna Imeachta Airgeadais agus Iniúchta), 2014 agus ghlac an Chomhairle é an 6ú Samhain, 2014.

## An Clár Caipitil

Bhreithnigh agus thug na comhaltaí clár caipitil 2015-2017 dá n-aire ag cruinniú mhí na Nollag 2014 na Comhairle.

## Foilsiú Orduithe Ceannaigh os cionn €20,000

Ní mór, faoin bPlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, orduithe ceannaigh chun earraí nó seirbhísí dar luach breis is €20,000 a fhoilsiú ar líne ag deireadh gach ráithe. Foilsíodh na tuarascálacha seo ar shuíomh gréasáin na Comhairle mar a fhorordaítear.

## Íocaíocht a Dhéanamh Déanach in Idirbhearta Tráchtála

Rialaíonn Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht a Dhéanamh Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 íocaíocht dhéanach na n-idirbheart tráchtála. Déantar foráil sna Rialacháin seo d'ús a bheith iníoctha nuair a bhíonn sonrasc fágtha gan íoc níos faide ná 30 lá. Nuair a bhíonn ús dlite bíonn íocaíocht chúitimh fhorordaithe iníoctha freisin. Ba €4,667 an méid iomlán úis agus cúitimh a íocadh in 2014.

Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí freisin a bhfeidhmíocht maidir leis an am a thóg sé sonraisc a íoc a thuairisciú. Tá na tuarascálacha don bhliain 2014 foilsithe ar shuíomh gréasáin na Comhairle.


| Airgeadas 2014 | |
|---|---|
| Táscaire Feidhmíochta Náisiúnta do bhailiú Rátaí Tráchtála | 80% |

## Comhairle Contae Átha Cliath Theas
## An Clár Comhardaithe mar a bhí an 31ú Nollaig 2014 (gan bheith iniúchta)


| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Sócmhainní Seasta agus Obair idir Lámha | 3,278,114 | 3,705,162 |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 207,404 | 208,513 |
| Glansócmhainní Reatha | 99,426 | 41,373 |
| Creidiúnaithe Fadtéarmacha | (250,522) | (253,048) |
| Glansócmhainní | **3,334,422** | **3,702,000** |
| | | |
| **Maoinithe ag:** | | |
| Obair idir Lámha agus Cuntas Caipitlithe | 3,260,549 | 3,675,162 |
| Cúlchiste Ioncaim - Sonrach | 10,805 | 10,805 |
| Cúlchiste Ioncaim - Ginearálta | 12,051 | 10,730 |
| Iarmhéideanna Eile | 51,017 | 5,303 |
| | **3,334,422** | **3,702,000** |

# RÁITEAS AN CHUNTAIS IONCAIM AGUS CHAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014 (gan bheith iniúchta)

| | **Ollchaiteachas** | **Ioncam** | **Glanchostas** |
|---|---|---|---|
| | **2014** | **2014** | **2014** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Tithíocht agus Tógáil | 51,352 | 49,657 | (1,695) |
| Iompar ar Bhóithre agus Sábháilteacht | 24,419 | 6,292 | (18,127) |
| Seirbhísí Uisce | 11,116 | 9,837 | (1,279) |
| Bainistíocht Forbartha | 12,268 | 3,471 | (8,797) |
| Seirbhísí Comhshaoil | 32,065 | 9,104 | (22,961) |
| Áineas agus Conláiste | 29,952 | 4,708 | (25,244) |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | 3,571 | 2,144 | (1,427) |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 26,046 | 3,653 | (22,393) |
| **Caiteachas/Ioncam Iomlán** | **190,789** | **88,866** | |
| **Glanchostas na Rannán le cistiú as** | | | (101,923) |
| **Rátaí, Ciste an Rialtais Áitiúil agus ABP** | | | |
| Ioncam Rátaí | | | 122,880 |
| Ciste an Rialtais Áitiúil - Ioncam Deontais | | | 924 |
| Asbhaint Bainteach le Pinsean (ABP) | | | 2,932 |
| **Glanaistriú go Cúlchistí** | | | (23,491) |
| **Barrachas don Bhliain** | | | **1,322** |
| **An Cúlchiste Ginearálta @ 1ú Eanáir 2014** | | | 10,729 |
| **An Cúlchiste Ginearálta @ 31ú Nollaig 2014** | | | **12,051** |




*NÓTA: Tá figiúirí an aistrithe seo go cúlchistí/ó chúlchistí san áireamh leis na figiúirí*




*NÓTA: Tá figiúirí an aistrithe seo go cúlchistí/ó chúlchistí san áireamh leis na figiúirí*

**Tuairisc ó Clodagh Henehan, An Ceannasaí Airgeadais**

# Aguisín a hAon - Comhaltas na Comhairle ar Choistí agus ar Chomhlachtaí Eile

## Cathaoirligh na gCoistí Limistéir

Toghadh **an Comhairleoir Eoin Ó Broin** ina Chathaoirleach ar Choiste Limistéir Chluain Dolcáin d'aon ghuth.

Toghadh **an Comhairleoir Paul Gogarty** ina Chathaoirleach ar Choiste Limistéir Leamhcáin d'aon ghuth.

Toghadh **an Comhairleoir Mick Duff** ina Chathaoirleach ar Choiste Limistéir Thamhlachta d'aon ghuth.

Toghadh **an Comhairleoir Pamela Kearns** ina Cathaoirleach ar Choiste Limistéir Ráth Fearnáin/Theach Mealóg-Thír an Iúir d'aon ghuth.

## Na Coistí um Beartais Straitéiseacha

### An CBS do na hEalaíona, Cultúr, Gaeilge, Oideachas agus Leabharlanna

An Comhairleoir Dermot Richardson - Cathaoirleach
An Comhairleoir Fintan Warfield
An Comhairleoir Breeda Bonner
An Comhairleoir Brian Leech
An Comhairleoir Francis Timmons
An Comhairleoir Nicky Coules

#### Comhaltaí na nEarnálacha

Deirdre Mooney
Peadar Ó Caomhánaigh

### An CBS d'Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireachta

An Comhairleoir John Lahart - Cathaoirleach
An Comhairleoir Guss O' Connell
An Comhairleoir Ronan Mc Mahon
An Comhairleoir Francis Duffy
An Comhairleoir Paul Foley
An Comhairleoir Anne Marie Dermody
An Comhairleoir Emer Higgins
An Comhairleoir Brendan Ferron

#### Comhaltaí na nEarnálacha

Seán Reid
Garrett Robinson
Tara de Buitléar
Damien Roche

### An CBS don Chomhshaol, Fearann Poiblí agus Athrú Aeráide

#### Comhaltaí na Comhairle

An Comhairleoir Pamela Kearns - Cathaoirleach
An Comhairleoir Deirdre O'Donovan
An Comhairleoir Danny O'Brien
An Comhairleoir Ed O'Brien
An Comhairleoir Máire Devine
An Comhairleoir Paula Donovan

#### Comhaltaí na nEarnálacha

Donal Anderson
John O'Farrell
Connie Kiernan

### An CBS don Tithíocht

#### Comhaltaí na Comhairle

An Comhairleoir Cathal King - Cathaoirleach
An Comhairleoir Gino Kenny
An Comhairleoir Louise Dunne
An Comhairleoir Kieran Mahon
An Comhairleoir Mick Duff
An Comhairleoir Martina Genockey
An Comhairleoir Eoin Ó Broin
An Comhairleoir Trevor Gilligan

#### Comhaltaí na nEarnálacha

Betty Tyrrell Collard
Tricia Nolan
Brendan MacPhiarais

### An CBS do Ghnóthaí Sóisialta agus Pobail

#### Comhaltaí na Comhairle

An Comhairleoir Dermot Looney - Cathaoirleach
An Comhairleoir Jonathan Graham
An Comhairleoir Vicki Casserly
An Comhairleoir Charlie O'Connor
An Comhairleoir Sarah Holland
An Comhairleoir Kenneth Egan

#### Comhaltaí na nEarnálacha

Gráinne Ní Mhuirí
Layton Kelly

## An CBS don Talamhúsáid, Iompar agus Pleanáil

### Comhaltaí na Comhairle

An Comhairleoir William Lavelle - Cathaoirleach
An Comhairleoir Mick Murphy
An Comhairleoir Ruth Nolan
An Comhairleoir Paul Gogarty
An Comhairleoir Liona O'Toole
An Comhairleoir Colm Brophy

### Comhaltaí na nEarnálacha

Neil Durkan
Denis Sherwin
Siobhán Butler

## Comhaltaí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ar an gCoiste Comórtha

An Comhairleoir Ruth Nolan
An Comhairleoir Liona O'Toole
An Comhairleoir Colm Brophy
An Comhairleoir Martina Genockey
An Comhairleoir Eoin Ó Broin
An Comhairleoir Ed O'Brien

## Comhairle Contae Átha Cliath Theas - Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta

George Kennington
Dermot Carter
Ann Horan
Eilis Quinlan
An Comhairleoir Dermot Richardson
An Comhairleoir John Lahart
An Comhairleoir Brendan Ferron

## An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

Tháinig athrú ó sheacht nduine dhéag go naoi nduine dhéag ar an gcomhaltas i rith na bliana le déanamh de réir na dtreoirlínte nua ó RCPRÁ.

Tháinig athrú ar an gcomhaltas chun fónamh do na treoirlínte, na toghcháin áitiúla agus d'ionadaithe an Líonra Comhpháirtíochta Pobail nua.

| Ainm | Eagraíocht |
|---|---|
| Maria O'Donohoe | Ardán Pobail Chontae Átha Cliath Theas |
| Gillian McNicholls | Ardán Pobail Chontae Átha Cliath Theas |
| Anna Lee | Comhpháirtíocht Chontae Átha Cliath Theas |
| Patricia Nolan | Comhpháirtíocht Chontae Átha Cliath Theas |
| Pádraig Rehill | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Paddy Lavelle | Bord Oideachais agus Oiliúna ÁC agus DL |
| Fiona Ward | An Roinn Coimirce Sóisialaí |
| Peter Byrne | Comhlachas Átha Cliath Theas |
| Justin Byrne | Fóram Pobail Chontae Átha Cliath Theas |
| Greg Tierney | Crosscare |
| Mary Corcoran | Leas Pobail |
| An Cllr. Pamela Kearns | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| An Cllr. Paula Donovan | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| Billy Coman | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| Loman O'Byrne | An Oifig Fiontair Áitiúil |

## Comhchoiste Póilíneachta Chontae Átha Cliath Theas

| Ainm an Chomhalta | An eagraíocht ar comhalta di é nó í | Teideal |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Deirdre O'Donovan - Cathaoirleach | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | Comhairleoir |
| Mayor Clr. Fintan Warfield | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | Comhairleoir |
| Clr. Paula Donovan | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | Comhairleoir |
| Clr. Colm Brophy | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | Comhairleoir |
| Clr. Cathal King | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | Comhairleoir |
| Clr. Maire Devine | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | Comhairleoir |
| Clr. Sarah Holland | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | Comhairleoir |
| Clr. Ed. O'Brien | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | Comhairleoir |
| Clr. Paul Foley | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | Comhairleoir |
| Clr. Pamela Kearns | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | Comhairleoir |
| Clr. Kieran Mahon | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | Comhairleoir |
| Clr. Nicky Coules | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | Comhairleoir |
| Clr. Liona O'Toole | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | Comhairleoir |
| Clr. Kenneth Egan | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | Comhairleoir |
| Clr. Paul Gogarty / Clr. Timmons | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | Comhairleoir |
| Sean Crowe T.D. | Comhalta den Oireachtas | T.D. |
| Eamon Maloney T.D. | Comhalta den Oireachtas | T.D. |
| An Seanadóir Cait Keane | Comhalta den Oireachtas | Seanadóir |
| Joanna Tuffy T.D. | Comhalta den Oireachtas | T.D. |
| Danniel McLoughlin | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | An Príomh-fheidhmeannach |
| Billy Coman | Comhairle Contae Átha Cliath Theas | An Stiúrthóir ar Thithíocht agus ar Fhorbairt Shóisialta agus Pobail |
| An tArd-cheannfort Orla McPartlin | An Garda Síochána MCBÁCT | Ard-cheannfort |
| An tArd-cheannfort Declan Coburn | An Garda Síochána MCBÁCT | Ard-cheannfort |
| Comhaltaí na Comhpháirtíochta Poiblí x 4 | Le hainmniú in 2015 | |
| Tionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána x 1 | Le hainmniú in 2015 | |
| An Tascfhórsa Áitiúil ar Dhrugaí x 2 | Le hainmniú in 2015 | |

# Aguisín a Dó - Comhdhálacha ar ar fhreastail Comhairleoirí in 2014

**Comhdháil:** Athchóiriú Rialtais Áitiúil
**Dáta:** 10ú - 12ú Eanáir 2014
**Ionad:** Bewleys Hotel, Cluain Dolcáin. Baile Átha Cliath 22

**Comhdháil:** Ag Maoiniú Rialtais Áitiúil, Na Saincheisteanna Criticiúla
**Dáta:** 10ú - 12ú Eanáir 2014
**Ionad:** Clanree Hotel, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall

**Comhdháil:** Comhdháil Earraigh CCÚÁ
**Date:** 31ú Eanáir - 01 Feabhra 2014
**Ionad:** Four Seasons Hotel, Muineachán

**Comhdháil:** Deiseanna Fostaíochta in Earnáil na gCeardbhianna
**Date:** 7ú - 9ú Feabhra 2014
**Ionad:** Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Corcaigh

**Comhdháil:** Comhdháil ar Ghinealas
**Date:** 21ú - 22ú Feabhra 2014
**Ionad:** Scott's Limerick, Ascaill Ashbourne, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach

**Comhdháil:** Comhdháil CCCC
**Date:** 6ú - 7ú Márta 2014
**Ionad:** Slieve Russell Hotel, Béal Átha Conaill, Co. an Chabháin

**Comhdháil:** Rialacháin agus Reachtaíocht maidir le Carthanais
**Date:** 7ú - 9ú Márta 2014
**Ionad:** Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Corcaigh

**Comhdháil:** Forbairt Inbhuanaithe agus Dearadh i Limistéir Uirbeacha
**Date:** 14ú - 16ú Márta 2014
**Ionad:** Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Corcaigh

**Comhdháil:** Réitigh Éifeachtacha ó thaobh costais agus comhshaoil de ar Chóireáil Dramhuisce
**Date:** 11ú - 13ú Aibreán 2014
**Ionad:** Ramada Viking Hotel, Port Láirge

**Comhdháil:** Comhdháil arna eagrú ag Seid na bhFear, Inis
**Date:** 26ú Aibreán 2014
**Ionad:** Treacy's West County Hotel, Inis, Co. an Chláir

**Comhdháil:** Comhdháil ar Mhíchumas
**Date:** 25ú Meán Fómhair 2014
**Ionad:** Hilton Hotel, Cill Mhaighneann

**Comhdháil:** Comhdháil Fómhair CCÚÁ
**Date:** 17ú - 18ú Deireadh Fómhair 2014
**Ionad:** Inishowen Gateway Hotel, Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall

**Comhdháil:** Comhdháil Bhliantúil Tionscnaimh ARÁ
**Date:** 29ú - 30ú Deireadh Fómhair 2014
**Ionad:** Hotel Kilmore, An Cabhán

Ba €5,150.91 an méid iomlán a caitheadh ar Chomhdhálacha in 2014

# Aguisín a Trí- An caiteachas i dToghchán Áitiúil 2014

| Ainm | Sloinne | Caiteachas |
|---|---|---|
| Anne-Marie | Dermody | €3,067.10 |
| Breeda | Bonner | €2,957.90 |
| Brendan | Ferron | €1,469.74 |
| Brian | Leech | €1,844.05 |
| Cathal | King | €1,633.74 |
| Charles | O'Connor | €921.30 |
| Colm | Brophy | €6,522.00 |
| Danny | O'Brien | €1,810.00 |
| Deirdre | O'Donovan | €4,370.89 |
| Dermot | Looney | €6,863.95 |
| Dermot | Richardson | €3,338.90 |
| Ed | O'Brien | €8,301.50 |
| Emer | Higgins | €4,941.07 |
| Eoin | O'Broin | €1,400.00 |
| Fintan | Warfield | €1,243.76 |
| Francis | Duffy | €2,553.40 |
| Francis | Timmons | €4,886.89 |
| Gino | Kenny | €1,550.00 |
| Gus | O'Connell | €4,800.80 |
| John | Lahart | €6,549.41 |
| Jonathan | Graham | €1,313.00 |
| Kenneth | Egan | €1,055.00 |
| Kieran | Mahon | €1,520.49 |
| Liona | O'Toole | €3,648.65 |
| Louise | Dunne | €1,633.70 |
| Maire | Devine | €1,749.74 |
| Martina | Genockey | €4,426.00 |
| Mick | Duff | €4,861.18 |
| Mick | Murphy | €1,520.49 |
| Nickey | Coules | €1,650.15 |
| Pamela | Kearns | €3,025.00 |
| Paul | Foley | €8,144.00 |
| Paul | Gogarty | €3,673.20 |
| Paula | Donovan | €2,947.29 |
| Ronan | Mc Mahon | €9,538.00 |
| Ruth | Nolan | €1,406.75 |

| Ainm | Sloinne | Caiteachas |
|---|---|---|
| Sarah | Holland | €1,366.74 |
| Trevor | Gilligan | €2,945.35 |
| Vicki | Casserly | €1,913.76 |
| William | Lavelle | €6,489.05 |
| Alan | Gallagher | €4,247.10 |
| Frank | O'Gorman | €0.00 |
| Alan | Hayes | €2,161.33 |
| Emma | Murphy | €3,399.27 |
| Eddie | Eriksson | €1,520.49 |
| Gay | Kelly | €3,875.30 |
| John | Flanagan | €1,037.75 |
| Chris | Bond | €1,420.00 |
| David | Yeats | €1,005.00 |
| Karen | Warren | €760.00 |
| Neville | Bradley | €390.00 |
| Eamon | Tuffy | €4,230.11 |
| Siobhan | Butler | €4,367.81 |
| Declan | Burke | €188.00 |
| Aideen | Carbury | €3,474.60 |
| Caitriona | Jones | €3,588.12 |
| Gerard | Kennedy | €4,686.44 |
| Ken | Kinsella | €2,711.76 |
| Brian | Lawlor | €4,021.31 |
| Michael | Finnegan | €1,640.00 |
| Lorraine | Hennessy | €1,640.00 |
| Shane | Connelly | €8,336.62 |
| Michael E. | Farrelly | €930.00 |
| Ciaran | Byrne | €0.00 |
| Philomena | Foster | €1,844.05 |
| Eamonn | Walsh | €6,493.80 |
| Eugene | Ryan | €2,398.00 |
| Susan | McEneaney | €1,601.67 |
| Valerie | Gaynor | €1,000.00 |
| Caitriona | McClean | €3,171.75 |
| Emmet | Hegarty | €5,258.10 |
| **Iomlán** | | **€212,551.48** |

# Aguisín a Ceathair - Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh 2014

## Achoimre ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí bainteach le fuinneamh:

**An Staidéar Féidearthachta don Chontae uile ar an bhféidearthacht cumhacht hidrileictreach a ghiniúint ar scála beag ar na haibhneacha i gContae Átha Cliath Theas –** amach ar tairiscint agus comhairleoir ceaptha

**Staidéar Féidearthachta ar Théamh Ceantair -** an dréacht deiridh críochnaithe.

Tús curtha le treoirthionscadal ar leith chun tiontaire fuinnimh **Freqcon next generation DS3** a shuiteáil i Halla an Chontae. Tá CCÁCT ag obair leis an gCumann Ginnte Fuinnimh ar Scála Beag (CGFSB) agus leis na príomh-shaineolaithe sa tionscal maidir leis an tionscadal seo.

**Comhpháirtíocht ÚFIÉ na hEarnála Poiblí -** na Réamhiniúchóireachtaí Fuinnimh a bhain le dhá ionad fóillíochta tugtha chun críche.

Faightear cabhair fós i dtaca le huirlis Monatóireachta agus Tuairiscithe an ÚFIÉ Beidh sonraí iarbhír CCÁCT don úsáid fuinnimh ar fáil tar éis an 9ú Bealtaine. Léirigh sonraí 2013 feabhas 19.7% ar an mbliain bhonnlíne, agus bhí an ráta sin 8.8% níos fearr ná an rátá feabhais a bhí mar sprioc againn.

**SPECIAL -** ábhar oiliúna ar an gcleachtas is fearr ó thaobh staidéir/tograí fuinnimh a chur isteach i gcórais pleanála spásúlachta ar fud na tíre ullmhaithe ag CCÁCT i gComhpháirtíocht le IPÉ agus ag obair le ÚFIÉ, TCPA agus RCPRÁ.

**Straitéis Fuinnimh In-athnuaite Átha Cliath Theas (RES) -** ag obair le húdarás áitiúil cathrach chun eiseamláir / dea-chleachtas de SFIÚÁ a chur le chéile mar threoir d'údaráis eile atá bunaithe i gcathracha. Tosaíodh ar an léarscáiliú fuinnimh don chontae go léir in 2014.

**An Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inmharthana de chuid LEAP (Ceannaireacht i ndáil le Gníomhaíocht um Fhuinneamh agus um Pleanáil) -** formhuiniú foirmiúil faighte ó Chúnant na Méaraí sa Bhruiséil.

Feabhsúcháin ó thaobh fuinnimh de déanta ar 63 theach (53 theach CCÁCT) faoin **gClár Pobail Fuinnimh Níos Fearr de chuid ÚFIÉ,** i mBán an Bhábhúin agus in Ionad Pobail Belgard - áiríodh insliú, uasghrádú ar chórais téimh agus aeraithe agus fuinneoga nua a chur isteach in 8 dteach, leis na feabhsúcháin ó thaobh fuinnimh de. Áiríodh leis an obair cnuasach cliste beag a bhunú anseo nuair a suiteáladh méadair chliste in 31 de na tithe agus in Ionad Fóillíochta Thamhlachta, agus in Ionaid Pobail Ghort an tSrutháin agus Belgard. Beidh ceangal idir na méadair chliste agus mol cliste a sheolfaidh sonraí fuinnimh beo ar aghaidh go dtí ITBÁC agus ITC chun iad a anailísiú.

### Foirgnimh Bhardasacha:

**An Leabharlann Contae -** an feachtas úsáide agus feasachta fuinnimh EPLACE curtha i bhfeidhm in 2014 - ba 22% an ráta spárála fuinnimh a baineadh amach.

**Clár Oifig na nOibreacha Poiblí 'Ag Barrfheabhsú na Cumhachta ag an Obair' -** trealamh méadraithe agus monatóireachta le cur isteach i Halla an Chontae chun tuilleadh fuinnimh a spáráil agus chun cur leis an bhfeasacht - tá an próiseas tosaithe Rinneadh staidéar ó thaobh aeraithe de ar Halla an Chontae.

Tá Teastais Taispeána Fuinnimh do na foirgnimh phoiblí atá ag CCÁCTT ar taispeáint.

Bailíodh na sonraí ar an úsáid fuinnimh mhíosúil do na 7 bhfoirgneamh CCÁCT is mó a úsáideann fuinneamh agus tá liosta d'oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh curtha le chéile - Clár na nDeiseanna.

**Staid Thamhlachta -** críochnaíodh an anailís ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar úsáid uisce

## Pobal/Tithe Cónaithe

**An Clár Feabhsúcháin Creatlaí, RCPRÁ** - feabhas curtha ar 489 dteach tionónta faoi dheireadh 2014.

Togra tionscadail do **na hIonaid Pobail Ghlasa -** Tús le cur le hiniúchóireachtaí agus le comhairle faoi bhillí do na hionaid pobail go léir. Seoladh líonra na nIonad Pobail agus iarradh cuntas ar an gcaiteachas ar fhuinneamh ar na hionaid pobail. Rinneadh iniúchóireacht ó thaobh úsáid fuinnimh agus feabhsúcháin de ar Ionaid Pobail Belgard, Ráth Miontáin agus Ghleanntán an Choiréil.

## Cúrsaí Institiúideacha/Tráchtála

Rinneadh ceangail le saotharlann shamhaltú fuinimh ITBÁC d'iarchéimithe

**Dúshlán do na mic léinn innealtóireachta i Seachtain na nInnealtóirí - Tionscadal Binse Tástála i gcomhar le CGFSB (Cumann Ginnte Fuinnimh ar Scála Beag).** Tháinig tionscadail a raibh tuarascálacha mionsonraithe agus cur i láthair ag gabháil leo ó dhá choláiste, ITBÁC agus ITT maidir le háiteanna ar an Dothra ina bhféadfaí tuirbíní hidrileictreacha a chur.

Coincheap - mór-acomhal iompair uirbigh saor ó charbón i Lár Bhaile Thamhlachta.

## Soilsiú Poiblí

- Tionscadal Soilsithe Phoiblí bunaithe i gcomhar le RC, le Fine Gall agus le DLR faoi CODEMA - méadrú fíorúil an aidhm atá leis an tionscadal seo
- Táthar le leanúint ar aghaidh ag suiteáil soilse LED
- Leanadh ar aghaidh ag suiteáil na bhfótaicheall sa chóras Soilsithe Phoiblí mar chuid den chlár cothabhála

## Tionscadail Iompair

- Críochnaíodh an bealach do choisithe agus do rothaithe agus na droichid i bPáirc Ghleann na Dothra agus tá siad oscailte
- Doiciméid / dearadh faoi Chuid 8 do na chéad chéimeanna eile, lena n-áirítear droichid, do Bhealach Rothaíochta na Dothra / an Fhéarbhealaigh críochnaithe.
- Tá próiseas Chuid 8 don bhealach rothaíochta ar an N81 críochnaithe.

# Aguisín a Cúig - An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ceanglaíonn **Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014** ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas Tuarascáil Bhliantúil maidir le Nochtadh Cosanta a fuarthas a fhoilsiú.

De bhun an cheanglais seo, dearbhaíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas leis seo go bhfuarthas aon tuarascáil amháin faoin Acht um Nochtadh Cosanta óna thosach feidhme go dtí an 31ú Nollaig, 2014.

Rinneadh imscrúdú agus measadh gur Nochtadh Cosanta de réir bhrí na reachtaíochta a bhí sa nochtadh. Tionscnaíodh imscrúdú faoi Bheartas Casaoide agus Araíonachta na Comhairle agus táthar ag dul chun cinn leis.

Comhairle Contae Átha Cliath Theas
Halla an Chontae, Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24

South Dublin county Council
county Hall, Tallaght
Dublin 24

Fón/Tel: 01 414 9000
Rphoist/Email: info@sdublincoco.ie
Idirlíon/Web: www.sdcc.ie/www.athacliathease.ie